Cinneadh i bhfómhar 2017 go ndéanfaí athbhreithniú chun an méid a ndearnadh maidir leis na moltaí i dtuarascáil na bliana 2012 a chur i bhfeidhm a thuaisciú. Rinne an t-Ollamh Sahlberg an t-athbhreithniú i mBealtaine 2018, agus fuair sé comhairle ón Ollamh Áine Hyland le tacaíocht feidhmiúcháin ó Valerie Harvey, Sarah Fitzgerald agus Laura Austin de chuid ÚAO. Thug an fhoireann cuairt ar gach institiúid ardoideachais a mhaoinítear go poiblí a sholáthraíonn ITE in Éirinn agus dhírigh sí isteach ar na hathruithe struchtúrtha agus cultúrtha a cuireadh i bhfeidhm ó 2012. Rinne sí athbhreithniú freisin ar thionchar na n-athchóirithe ar chaighdeán an teagaisc, ar an oideolaíocht, agus ar thaithe oideachais na mac léinn oideachais múinteoirí. Rinne an fhoireann measúnú ar thionchar na n-athchóirithe ar chumas taighde sna hinstitiúidí oideachais múinteoirí, agus ar na naisc atá ann idir teoiric agus cleachtadh ó thaobh na mac léinn de.

D’aimsigh an t-athbhreithniú go ndearnadh dul chun cinn suntasach le cúig bliana anuas ó thaobh moltaí na tuarascála in 2012 a chur i bhfeidhm. Maidir leis an athstruchtúru, fuarthas amach go ndearnadh na moltaí a chur i bhfeidhm go hiomlán i gcás na dtrí lonad, is é sin Institiúid Oideachais DCU: Ollscoil Mhá Nuad; agus Coláiste na hOllscoile Corcaigh/IT Chorcaí. I gcás OÉ Gaillimh/Coláiste San Aingeal – tá cur i bhfeidhm na moltaí beagnach críochnaithe agus tá ardbhainistíocht an dá institiúid tiomanta do phróiseas ionchorparaithe Choláiste San Aingeal isteach in OÉ Gaillimh a chur i gcrích chomh luath is a réiteofar na saincheistanna dlíthiúla a bhaineann leis. I Luimneach, tharla forbairtí suntasacha ó 2012 ar aghaidh. Freastalaíonn mic léinn ealaíne agus deartha ó Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh ar léachtanna agus ranganna teagaisc le mic léinn den Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO) i UL. Soláthraíonn Coláiste Mhuire Gan Smál (MIC) – a chuimsíonn campas Naomh Pádraig i nDurlas – oideachas tosaigh do mhúinteoirí ón oideachas luath-óige, bunscoile agus iar-bhunscoile, go cúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí (CPD), Máistreachtaí agus cláir dhochtúireachta. Comhoibríonn MIC, UL agus LIT ar chlárí taighde, CPD, Mháistreachta agus Dhochtúireachta tríd an Institiúid Náisiúnta um Staidéir san Oideachas (NISE) agus táthar ag súil leis go bhfásfar agus go neartófar an comhoibriú idir MIC agus UL sna blianta atá amach romhainn. Molann an tuarascáil seo go nglacfaí le MIC mar sholáthraí neamhspleách ITE agus go dtabharfaí aghaidh ar shaincheistanna a bhaineann le socruithe soláthair foirne ar fud na hearnála.

Maidir leis an togra 2012 go ndéanfaí TCD, UCD, NCAD agus Institiúid Oideachais Marino (MIE) a atchumrú mar ionad amháin, glacann an tuarascáil seo leis an bpointe a rinne an ceithre institiúid gurbh é an cur chuige is réasúnta ná dhá chnuasach ar leith a bhunú, ceann amháin a chuimsíonn TCD agus MIE agus ceann eile a chuimsíonn UCD agus NCAD. I gcás an chnuasaigh TCD/MIE, luann an tuarascáil gurbh í MIE an t-aon soláthraí ITE a fhaigheann maoiniú díreach ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus molann sé go dtabharfaí MIE faoi choimirce ÚAO mar aon leis na soláthraithe ITE eile ar fad. Molann an tuarascáil freisin go ndéanfaí taighde agus comhoibriú eile idir na ceithre sholáthraí sa dhá chnuasach a leathnú amach agus a fhorbairt.

Chomh maith le moladh go mbeadh seacht n-ionad barr feabhais ITE ag Éirinn (murab ionann agus an sé ionad a moladh in 2012), déanann an tuarascáil roinnt moltaí eile agus tugann sé aghaidh ar cheisteanna eile ar gá machnamh a dhéanamh orthu. Maíonn sé gur chóir díriú isteach sna seacht n-ionad ar réimse chomhleanúnach soláthair ITE a chruthú ón oideachas luath-óige go dtí ullmhú múinteoirí san oideachas aosach agus san ardoideachas. Ba chóir dó seo tarlú trí chur chuige oideachais múinteoirí atá bunaithe ar thaighde, caighdeán oideolaíochta agus teagasc sna cláir éagsúla a neartú, agus naisc chomhleanúnacha idir teoríc agus cleachtadh a bhunú agus idirnáisiúntú ITE a leathnú amach ó thaobh mic léinn agus an fhoireann acadúil de.

Molann sé go ndíreodh údarás ardoideachais agus lucht déanta beartas eile ar chóras ITE gairmiúil féinfheabhsaithe in Éirinn a chruthú, córas ina mbeadh níos mó neamhspleáchais ag na hionaid barr feabhais ó riarachán lárnach an stáit agus go bhfeabhsófaí an comhoibriú eatarthu. Molann sé go dtabharfadh na húdarás aiseolas tráthúil agus leanúnach do na hionaid, go háirithe nuair atá aitheantas poiblí maidir le hobair mhaith a rinneadh i gceist. Ba chóir go gcuirfí dreasachtaí ar fáil chun cabhrú leis na hionaid a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach – mar shampla, ba chóir cuid den chaiteachas bliantúil a dhéantar ar CPD a leithroinnt ar na hionaid trí scéim cistiúcháin iomaíoch a bheadh ar thóir réitigh nuálacha chun tionchar soláthair CPD a fhorbairt.

Maidir le ITE atá bunaithe ar thaighde, cé go n-aithnímid go raibh forbairtí ann ó 2012, molann an fhoireann go ndéanfadh na hionaid ar fad iarrachtaí breise lena chinntiú go dtuigeann mic léinn ní hamháin conas taighde a léamh agus a dhéanamh ach conas smaoineamh ar nós taighdeoirí nuair atá siad ag obair i scoileanna nó le scoileanna, agus go dtuigeann siad an tábhacht a bhaineann leis sin. Tugann an fhoireann faoi deara freisin go gcuireann na cláir ITE béim níos láidre ar shocrúchán scoile ná mar a chuir in 2012. É sin ráite, mar gheall ar na saincheisteanna a tháinig aníos faoi na deacrachtaí a bhíonn ag roinnt múinteoirí faoi oiliúint maidir le socrúchán scoile, molann an tuarascáil go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcleachtas reatha atá ann maidir le sochrúcháin agus, bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe sin, go ndéanfaí na hathruithe is gá sa bheartas, sa mhaoiniú agus sa chleachtadh chun gnéithe praiticiúla ITE a thabhairt níos gaire do na cúrsaí atá á dtairiscint sna hollscoileanna. Molann an tuarascáil freisin go bhféadfaí go ndéanfadh dhá nó trí ionad socrú chun scoil chliniciúil nó scoileanna cliniciúla um oiliúint múinteoirí a chomhtháthú go dlúth lena ngnáthoibriúcháin. Ba chóir an fhorbairt sin a thabhairt isteach ar bhonn pólótach ar dtús agus ba chóir go mbeadh measúnú dian agus leanúnach á dhéanamh ar cháilíocht na dtorthaí do mhic léinn mar chuid de.

Luadh sa tuarascáil go ndearna an chuid is mó de na hionaid tagairt d'fhianaise starógach le cur síos a dhéanamh ar rath a gcláir athstruchtúraithe, ach go raibh ganntanas fianaise eimpíric ann le tacú leis an méid atáthar á maíomh. Mhol an fhoireann, mar sin, go ndéarfadh na hionaid ITE, i dteannta a chéile agus i gcomhar leis na húdarás ardoideachais agus le lucht déanta beartas, áis suirbhéireachta a chabhródh le montatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus forbairt bhreise ITE in Éirinn. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina shuirbhé bliantúil nó leathbhliantúil a dhíreodh isteach ar ghnéithe lárnacha d'fhorbairt ITE in Éirinn, lena n-áirítear taithí mac léinn ó thaobh fás i ngairm na múinteoireachta de, tionchar taighde mar chuid de ITE, éifeachtúlacht na hoiliúna praiticiúla agus ábharthacht na hoideolaíochta a úsáidtear sa teagasc agus sa bhfoghlaim.

Molann an t-athreithniú ceannairí agus foirne na n-insitiúidí ar fad as a dtiomantas don chur i bhfeidhm agus as na torthaí a fuarthas go dtí seo. Luann an fhoireann gur tharla an t-athchóiriú struchtúrtha ar ITE in Éirinn ag am a bhí ciorruithe á ndéanamh sa gheilleagar náisiúnta agus ag am céanna a bhí athchóiriú suntasach á dhéanamh ar chlár ITE tar éis an cinneadh a rinneadh chun bliain amháin a chur leis na cláir sin (sé sin 60 creidiúint ECTS a chur leo). Thug sé sásamh don fhoireann aiseolas dearfach maidir leis an athchóiriú a chloisteáil ón bhfoireann i roinnt de na hionaid, d'ainneoin na ndúshlán agus na ndeacrachtaí a bhain leis an bpróiseas.

# Réamhrá

## Comhthéacs an Ardoideachais in Éirinn

Tharla athruithe suntasacha san earnáil ardoideachais le blianta beaga anuas, tar éis fhoilsiú na Straitéise Náisiúnta um Ardoideachas 2030 (Tuarascáil Hunt) in 2011. Leagadh amach sa straitéis fis fhadtéarmach don ardoideachas agus an ról lárnach atá aige ó thaobh aitheantas a thabhairt d'Éirinn mar thír ina bhfuil nuáil, fiontar iomaíoch agus barr feabhais acadúil leanúnach inti, agus mar thír a mheallann daoine chun conaí agus chun oibre inti de bharr an ardchaighdeáin saoil, na beochta cultúrtha agus na struchtúr sóisialta ionchuimsitheach atá aici. Leag an tuarascáil béim ar an tábhacht a bhaineann le cultúr taighde laistigh d'institiúidí ardoideachais, áit a bhfuil nasc dlúth idir taighde agus teagasc ina nglactar le dearcadh fiosraitheach ceisteach, agus áit a bhfuil an fhoireann agus na mic léinn tiomanta do chur chuige bunaithe ar fhianaise ina gcuid oibre.

Leag an tuarascáil amach freisin fis le haghaidh athchóiriú struchtúrtha an ardoideachais, agus díriodh aird ar an líon mór institiúidí ardoideachais atá in Éirinn i gcomparáid le háiteanna eile agus an easpa scála atá acu mar institiúidí neamhspleácha chun an dul chun cinn is gá ó thaobh caighdeáin agus éifeachtúlachta a bhaint amach. Mhol sé go ndéanfaí institiúidí beaga a mhaoinear go poiblí a spreagadh chun iad féin a alíniú le nó a ionchorprú in institiúidí a bhfuil an scála dóthanach acu chun go bhféadfaí cuspóirí ginearálta maidir le caighdeán agus éifeachtúlacht a chomhlíonadh.

Níos déanaí fós, leag an Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019, a foilsíodh in 2016, amach treoir agus spriocanna straitéiseacha na Roinne Oideachais agus Scileanna (DES) don chóras oideachais agus oiliúna, agus ba é an cuspóir a bhí aige sin ná go mbeidh córas oideachais na hÉireann ar an gceann is fearr san Eoraip roimh 2026. Tá an Plean Gníomhaíochta sin tacaithe ag creat feidhmíochta córais don chóras ardoideachais, a bhfuil na spriocanna seo a leanas aige:

- ▶ Go mbeidh an córas freagrach as feidhmíocht maidir le cur i gcrích tosaíochtaí náisiúnta agus go ndéanfaí sé monatóireacht ar an gcóras ina iomlán;
- ▶ Go gcuirfí ionchais uile an chórais in iúl ó réimsí éagsúla den rialtas/de ghníomhaireachtaí maidir leis na gnéithe éagsúla a bhaineann le gníomhaíocht ardoideachais;
- ▶ Go mbeidh feidhmíocht an chórais níos soiléire don Rialtas agus don phobal i gcoitinne;
- ▶ Go gcuirfear le forbairt an chórais agus forbairt beartas trí aird a tharraingt ar easnaimh struchtúrtha agus easnaimh eile lena n-áirítear cumas sonraí;
- ▶ Go gcuirfí ar chumas Institiúidí Ardoideachais a nideoaga agus a misin straitéiseacha féin a aithint agus comhshocrú feidhmíochta a chomhaontú atá ag teacht leis an maoiniú atá ar fáil ón Údarás Ardoideachais

Tá an dara céim de chur chuige an chreata feidhmíochta seo ar bun faoi láthair, agus tá an ÚAO agus na hinstitiúidí ardoideachais i mbun próiseas dialóige ó thaobh straitéise agus feidhmíochta de. Déanfar comhshocrúithe feidhmíochta a chomhaontú mar thoradh air seo, agus cabhróidh eochairtháscairí feidhmíochta (ETFanna) miseanbhunaithe le spriocanna náisiúnta a bhaint amach, agus cumais agus láidreachtaí na n-institiúidí féin á n-úsáid ag an am céanna.

Ba é an t-athbhreithniú ar an tsamhail mhaoinithe don ardoideachas ceann de na príomhfhorbairtí maidir le cur i gcrích an chórais ardoideachais athchóirithe agus fheabhsaithe. Tá sé mar aidhm ag an gcur chuige nua molta seo i leith na samhla maoinithe an fhoghlaim ar feadh an tsaoil a leabú sa chóras agus tacú le forbairt scileanna. Chomh maith leis sin, aithneoidh sé na dúshlán dhéimeagrafacha agus tabharfaidh sé aghaidh orthu, feabhsóidh sé inrochtaineacht, tacóidh sé le taighde agus nuáil, agus cuirfidh sé deis ar fáil d'fhorbairt institiúideach fheabhsaithe.

## Comhthéacs an Oideachais do Mhúinteoirí in Éirinn

In 2006, tar éis blianta fada ina ndearnadh plé agus comhairliúchán, bunaíodh Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann mar chomhlacht reachtúil féinrialaitheach neamspleách chun an mhúinteoireacht a chur chun cinn mar ghairm, chun forbairt ghairmiúil mhúinteoirí a chur chun cinn agus chun caighdeán sa ghairm a rialú. In 2011, d'fhoilsigh sí a doiciméad beartais Leanúntas Oideachais Múinteoirí. Leag an doiciméad beartais seo amach fíis le haghaidh oideachas tosaigh múinteoirí (ITE), inductú, forbairt ghairmiúil luath agus leanúnach agus tacaíocht gairme déanaí. Ghlac sé freisin le trí chuspóir eile – nuáil, comhtháthú agus feabhsúchán. Sna blianta ó shin i leith, d'fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta critéir leasaithe maidir le clárú múinteoirí agus d'fhorbair sí an próiseas Induchtúcháin – *Droichead*, chomh maith le creat le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach – *Cosán*<sup>1</sup>.

In Iúil 2011, sheol an tAire Oideachais straitéis náisiúnta litearthachta agus uimhearthachta – Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun Litearthacht agus Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga – straitéis a chuimsigh roinnt spriocanna cáilíochtúla agus cainníochtúla chun caighdeán litearthachta agus uimhearthachta a fheabhsú sa tréimhse 2011 go 2020. I measc na bpríomhréimsí a tugadh aghaidh orthu sa straitéis bhí gá ann “lena chinntiú go ndéanfar scileanna múinteoirí maidir le teagasc litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt” agus cleachtadh gairmiúil múinteoirí a fheabhsú trí athruithe a dhéanamh ar an oideachas réamhsheirbhíse agus inseirbhíse. An toradh a bhí ar an straitéis sin ná gur síneadh an clár Baitsiléara Oideachais do mhúinteoirí bunscoile ó thrí go ceithre bliana (240 creidiúint ECTS) agus síneadh an dioplóma sa mhúinteoireacht bhunscoile ó ocht mí dhéag go dhá bhliain (120 creidiúint ECTS). Síneadh na cúrsaí Ard-Dioplóma san Oideachas do mhúinteoirí iar-bhunscoile ó bhliain amháin go dhá bhliain (120 creidiúint ECTS). Bhí sé anois mar riachtanas do gach cúrsa 40% dá gclár leathnaithe a dhírú ar shocrúcháin scoile. Bhí módúil teagaisc, foghlama agus measúnaithe litearthachta agus uimhearthachta mar cheanglas éigeantach anois do gach clár oideachais do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile, agus rinneadh réimse cúrsaí roghnacha a raibh gaol gar acu leis an oideachas a chur in áit staidéar na ndaonnachtaí (ar a dtugtar ‘cúrsaí acadúla roghnacha’) laistigh den chlár Baitsiléara Oideachais (do mhúinteoirí bunscoile).

In Aibreán 2012, tar éis iarrtais a fháil ón Aire Oideachais agus Scileanna, bunaíodh Painéal Athbhreithnithe Idirnáisiúnta chun comhairle a thabhairt maidir le struchtúr soláthair ITE sa Stát. Iarradh ar an Údarás Ardoideachais (ÚAO) an próiseas athbhreithnithe a bhainistiú thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna. Ba iad seo a leanas comhaltáí an Phainéil: Ba é an tOllamh Pasi Sahlberg a bhí ina Ard-Stiúrthóir ar CIMO (sa Roinn Oideachais) in Helsinki san Fhionnlann ag an am, agus ina Ollamh Taca ag Ollscoil Helsinki agus Ollscoil Oulu, a bhí ina chathaoirleach ar an bPainéal; An tOllamh Pamela Munn, Ollamh Emeritus ag Ollscoil Dhún Éadain agus an tOllamh John Furlong, iar-Stiúrthóir Roinn Oideachais Ollscoil Oxford. Mhol Tuarascáil an Phainéil Athbhreithnithe Idirnáisiúnta seo (dá dtagraítear sa pháipéar seo mar thuarascáil *Sahlberg 1*) go ndéanfaí na 19 n-institiúid ITE ar leith a athchumrú mar sé institiúid nó “ionad oideachais múinteoirí” nua. Bheadh sé de chuspóir ag na struchtúir nua a mhol an painéal idirnáisiúnta a chinntiú go mbeadh líon beag ionad oideachais múinteoirí ann, agus go gcuirfeadh gach ionad oideachas ar fáil i ngach réimse den oideachas do mhúinteoirí – ón oideachas luath-óige go dtí an t-oideachas bunscoile, iar-bhunscoile, an breisoideachas agus an t-oideachas aosach. Bheadh tairseach chriticiúil ag na hionaid oideachais múinteoirí seo freisin ó thaobh a gcumais taighde de, rud nach féidir a bhaint amach i gcónaí in institiúid níos lú. Chiallódh na socrúithe nua seo go mbeadh lárionaid taighde láidre bunaithe i ngach ionad.

I measc na saincheisteanna eile a dhírigh an Painéal Athbhreithnithe aird orthu, bhí caighdeán na n-iarrthóirí a chuir isteach ar chlár ITE agus soláthar agus éileamh na múinteoirí. Maidir leis an gcéad cheist, d'aithin an Painéal Athbhreithnithe go raibh caighdeán na bhfágálaithe scoile ag déanamh iarrtais ar chlár ITE in Éirinn “chomh hard le haon áit eile ar domhan, agus b'fhéidir níos airde”. Mhol an Painéal gur chóir an caighdeán sin a chothabháil, agus mhaígh sé gur “acmhainn shuibhir a bhí ann ar chóir ardmheas a thabhairt di agus gur chóir dúshlán a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint chun go mbainfidh siad amach barr a gcumais”.

1 Is iad “Droichead” agus “Cosán” na focail Ghaeilge le haghaidh “Bridge” agus “Path”.

Maidir leis an tsaincheist a bhain le soláthar/éileamh, luaigh an painéal go bhféadfadh rólsholáthar agus na leibhéil difhostaíochta a gabhann leis tionchar diúltach a imirt ar mheallacht na múinteoireachta mar ghairm agus ar chaighdeán na ndaoine a mbeadh dúil acu a bheith ina múinteoirí. Mhol an Painéal mar sin go ndéanfaí, ar bhonn práinne, athbhreithniú ar an gceist maidir le soláthar agus éileamh múinteoirí.

Le blianta beaga anuas, bhí imní ann maidir leis an neamhchothroime a bhí ann idir soláthar agus éileamh múinteoirí, go háirithe maidir le roinnt ábhar ag an leibhéal iar-bunscoile, agus maidir le múinteoirí ionaid agus poist ghearrthéarmacha ag an leibhéal bunscoile. Chun dul i ngleic leis an gceist sin, bunaíodh grúpa oibre teicniúil a chuimsíonn ionadaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ón gComhairle Mhúinteoireachta agus ón ÚAO in 2015 chun anailís a dhéanamh ar líon na múinteoirí a theastaíonn ón gcóras oideachais. Mar thoradh air sin, i Meitheamh 2017 sheol an tAire Oideachais agus Scileanna an tuarascáil An Chothromaíocht Cheart a Aimsiú (Soláthar Múinteoirí in Éirinn: Tuarascáil de chuid an Ghrúpa Oibre Teicniúil). Leagann an tuarascáil amach cur chuige pleanála a mheasann an méid oibre a mbeadh gá leis chun samhail a fhorbairt a aimseodh cothromaíocht níos fearr idir soláthar agus éileamh múinteoirí sa mheántearma agus san fhadtéarma.

I Márta 2018, bhunaigh an Roinn Grúpa Stiúrtha Soláthair Múinteoirí ardleibhéil, a chuimsigh grúpa speisialaithe páirtithe leasmhara, chun a chinntiú go mbeadh soláthar dóthanach múinteoirí cáilithe ann chun riachtanais bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a chomhlíonadh. Cuireadh de chúram ar an ngrúpa machnamh a dhéanamh faoi bheartais agus socruithe do scoileanna agus múinteoirí a bhfuil tionchar acu ar ghluaiseacht/soláthar múinteoirí; an mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn; ardoideachas lena n-áirítear beartas, soláthar, maoiniú agus tacaíocht ITE; agus sonraí/taighde.

Tuigtear níos fearr ná riamh nach léiríonn gairm na múinteoireachta in Éirinn éagsúlacht shocháil na hÉireann. Mar iarracht ar an rochtain ar chlár oideachais múinteoirí a mhéadú agus a leathnú, d'fhógair an tAire Oideachais i Meán Fómhair 2016 go gcuirfí maoiniú ar fáil thar thréimhse trí bliana do thionscadail a raibh mar aidhm acu rochtain a fheabhsú do mhic léinn ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht sa chóras oideachais, m.sh. mic léinn ó chúirí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíochta; mic léinn lánfhásta; mic léinn faoi mhíchumas; an lucht siúil; foghlaimoirí páirtaimseartha/solúbtha agus daoine a bhfuil cúrsaí breisoideachais déanta acu. Rinneadh na sé ionad ITE ar fad a fhaomhadh chun maoiniú a fháil faoin gClár um Rochtain ar Ardoideachas (PATH). I measc na dtionscadal atá ag fáil tacaíochta tá bealaí isteach díreach ón mbreisoideachas; tacaíocht bhreise do mhic léinn ó scoileanna DEIS; clár aistrithe do mhúinteoirí faoi oiliúint chomh maith le sparánachtaí do mhic léinn.

Forbairt eile a tharla le déanaí ná cinneadh a rinne an tAire Oideachais chun clár ar leith a bhunú le clár ITE chomhleanúnacha agus chomhthráthacha a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge do mhic léinn, go háirithe dóibh siúd a bhfuil sé ar intinn acu dul ag múineadh i nGaelscoileanna. Rinneadh tairiscintí a lorg ó na soláthraithe reatha ar fad do na clár sin agus is iad Institiúid Oideachais Marino agus Coláiste Mhuire Gan Smál a bhuaigh an comórtas.

Mhol tuarascáil *Sahlberg 1* (2012) go ndéanfaí sé ionad barr feabhais a bhunú:

1. Ionad amháin a chuimsíonn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU); Coláiste Phádraig, Droim Conrach (SPD); Institiúid Oideachais Mater Dei (MDIE).
2. Ionad a chuimsíonn Coláiste na Tríonóide (TCD); Institiúid Oideachais Marino (MIE); An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD); agus an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (NCAD).
3. Ionad a chuimsíonn Ollscoil na hÉireann Má Nuad (NUIM) – ar a dtugtar Ollscoil Mhá Nuad (MU) anois; agus Coláiste Froebel.
4. Ionad a chuimsíonn Ollscoil Luimnigh (UL), Coláiste Oideachais Mhuir Gan Smál (MIC); agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh (LIT).
5. Ionad a chuimsíonn Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC) agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT).
6. Ionad a chuimsíonn Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉ Gaillimh) agus Coláiste San Aingeal, Sligeach.

Maidir le hoideachas Ealaíne, mhol an Painéal gur chóir go mbeadh cláir ITE don Ealaíon creidiúnaithe ag ollscoil agus bunaithe in ollscoil. Chiallódh sé sin gur chóir d'fhoireann ollscoile agus na hinstiúide ealaíne cúrsaí oideachais san Ealaíon a phleanáil agus a sholáthar as lámha a chéile. Ba chóir an fhoireann a chomhtháthú ó thaobh pleanála agus ó thaobh codanna comhchoiteanna de na cláir a sholáthar, agus ba chóir na mic léinn a chur le chéile le haghaidh léachtanna agus seimineáir.

I ngach cás, moladh go n-éascófaí oideachas múinteoirí in aon áit amháin laistigh de thimpeallacht athchumraithe mar thoradh ar na cumaisc/comhaontais sin. D'fhéadfaí "Institiúid Oideachais", "Ionad Oideachais do Mhúinteoirí" nó a leithéid a thabhairt ar na socrúithe nua seo.

## Próiseas Athbhreithnithe – 2018 (*Athbhreithniú Sahlberg 2*)

Socraíodh i bhFómhar 2017 go ndéanfaí athbhreithniú chun tuairisc a thabhairt ar an méid a rinneadh chun moltaí tuarascáil *Sahlberg 1* (2012) a chur i bhfeidhm. Is é cuspóir an athbhreithnithe ná measúnú a dhéanamh ar staid reatha ITE in Éirinn agus tagairt á déanamh do na moltaí a leagadh síos i dtuarascáil *Sahlberg 1*. Iarradh ar an Ollamh Áine Hyland tuarascáil cúlra a ullmhú a thabharfadh achoimre ar na forbairtí a tharla san oideachas do mhúinteoirí ó 2012 ar aghaidh. Leagann an tuarascáil cúlra sin, ó Eanáir 2018, amach cúrsaí maidir le cur i bhfeidhm leasuithe *Sahlberg 1* mar a bhí siad i Nollaig 2017. Luann sé go ndearnadh dul chun cinn suntasach le cúig bliana anuas agus gurbh iad ceannairí agus tiomantas na n-institiúidí, chomh maith leis na spreaganna laistigh de shamhail mhaoinithe ÚAO, a bhí taobh thiar de chur i bhfeidhm rathúil na leasanna sna hionaid a d'éirigh leo.

É sin ráite, luaigh an tuarascáil freisin go raibh laghdú ar an éileamh do chlár chomhleanúnacha oideachais múinteoirí ag an leibhéal iar-bhunscoile, go háirithe i dtaobh roinnt ábhar. Creideann páirtithe leasmhara go bhféadfadh an laghdú sin a bheith ann mar gheall ar go leor cúiseanna, lena n-áirítear méadú ar chostas staidéir mar gheall ar shíneadh an chlár leanúnaigh go dtí dhá bhliain, chomh maith le laghdú sna tuarastail tosaigh do mhúinteoirí nua, rud a tógadh isteach le linn an chúlaithe eacnamaíochta, chomh maith leis na deacrachtaí atá ann chun post buan a fháil. Tá an cheist seo go hard ar an gclár oibre do bheartas oideachais múinteoirí in Éirinn faoi láthair.

Is é an tOllamh Pasi Sahlberg, a ceapadh le déanaí mar Ollamh Beartais Oideachais ag Institiúid Oideachais Gonski, Ollscoil New South Wales in Sydney san Astráil, a rinne an t-athbhreithniú reatha seo, bunaithe ar chuariteanna suíomhanna. Fuair an tOllamh Sahlberg comhairle ón Ollamh Áine Hyland, agus fuair sé tacaíocht fheidhmeannach don athbhreithniú ó Valerie Harvey, Sarah Fitzgerald agus Laura Austin de chuid an ÚAO.

### Téarmaí tagartha an athbhreithnithe reatha

Is iad téarmaí tagartha an athbhreithnithe (a mhínítear ina iomláine in Aguisín 1) ná measúnú a dhéanamh ar staid reatha ITE in Éirinn agus tagairt á déanamh do na moltaí atá leagtha amach i dtuarascáil *Sahlberg 1*. Iarradh ar an athbhreithniú díriú isteach ach go háirithe ar mhéid na n-athruithe struchtúracha agus cultúrtha atá tagtha chun cinn sna hInstitiúidí Ardoideachais mar a aithníodh iad in *Sahlberg 1*. Iarradh air freisin measúnú a dhéanamh ar thionchar na leasuithe ar chaighdeán an teagaisc ar an oideolaíocht agus ar eolas ar ábhar oideolaíochta, agus ar thairbhí oideachais na mac léinn a fhreastalaíonn ar chúrsaí ITE, chomh maith le léirmheas a thabhairt ar thionchar na leasuithe ar chumas taighde na nInstitiúidí Ardoideachais agus léirmheas a thabhairt ar na naisc idir taighde agus oiliúint agus foghlaim na mac léinn ITE. Iarradh freisin ar an athbhreithniú breathnú ar agus moltaí a dhéanamh maidir leis an treo atá beartaithe do struchtúr an ITE in Éirinn sa toadhcháil, ag féachaint do na bunchuspóirí agus na téarmaí tagartha a bhí ag *tuarascáil Sahlberg 1* agus chun torthaí intomhaiste cuí a shainiúint don ghearrthéarma agus don mheántéarma. Thug na téarmaí tagartha le fios go bhféadfadh gur mian leis an athbhreithniú tuairimí a thabhairt ar aon cheist a bhaineann le hoideachas múinteoirí a d'fhéadfadh teacht aníos, lena n-áirítear, mar shampla, rochtain ar chlár ITE, gluaiseacht na mac léinn nó athruithe sa chóras oideachais i gcoitinne.



## Leagan Amach an Athbheithnithe agus Teagmháil le páirtithe leasmhara

I bhFeabhra 2018, thug an tOllamh Pasi Sahlberg cuairt ar Bhaile Átha Cliath agus bhuaile sé leis an ÚAO, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Chomh maith leis sin, phlé sé cúlra na tuarascála leis an Ollamh Áine Hyland agus thug sé comhairle maidir le leagan amach agus sceidealú na cuairte breisithe a bhí beartaithe aige a thabhairt ar Éirinn in Aibreán/Bealtaine nuair a thabharfadh sé cuairt ar gach ceann de na sé Ionad Oideachais do Mhúinteoirí.

Tharla na cuairteanna suíomhanna ag deireadh mhí Aibreáin agus ag tús mhí na Bealtaine 2018. Ba é seo a leanas sceideal na gcuariteanna suíomhanna agus tugtar leagan níos mionsonraithe de seo in Aguisín 2.

---

<b>Luan 30 Aibreán:</b>	Cuariteanna ar Shuíomhanna Choláiste San Aingeal agus OÉ Gaillimh, lena n-áirítear cruinniú den dá institiúid arna reáchtáil ag OÉ Gaillimh.
<b>Dé Mháirt 1 Bealtaine:</b>	Cuairt ar Shuíomhanna Choláiste Mhuire Gan Smál (a chuimsíonn Campas Naomh Pádraig MIC), Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus Ollscoil Luimnigh, lena n-áirítear cruinniú idir na trí institiúid seo arna reáchtáil ag Coláiste Mhuire Gan Smál. Cuairt ar Shuíomh Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, lena n-áirítear cruinniú idir Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, arna reáchtáil ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.
<b>Dé Céadaoin 2 Bealtaine:</b>	Cuairt ar shuíomhanna agus cruinniú le hOllscoil Mhá Nuad (a chuimsíonn Coláiste Froebel). Cuairt ar shuíomhanna agus cruinniú le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (a chuimsíonn Coláiste Phádraig Dhroim Conrach, Institiúid Mater Dei agus Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann). Cuairt ar shuíomh Institiúid Oideachais Marino.
<b>Déardaoin 3 Bealtaine:</b>	Cuariteanna ar shuíomhanna Choláiste na Trionóide, Baile Átha Cliath, an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha agus Coláiste na hOllsoile, Baile Átha Cliath, lena n-áirítear cruinniú den cheithre institiúid (Institiúid Oideachais Marino, Coláiste na Trionóide, Baile Átha Cliath, an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha agus Coláiste na hOllsoile, Baile Átha Cliath) arna reáchtáil ag Coláiste na Trionóide, Baile Átha Cliath.

---

Ba mhaith leis na hOllaimh Sahlberg agus Hyland agus ionadaithe ÚAO a mbuíochas a ghabháil as an bhfáilte a cuireadh rompu agus an cóir a cuireadh orthu i ngach ceann de na hinstiúidí ar thug siad cuairt orthu. I ngach ceann de na hinstiúidí, phlé an fhoireann agus na mic léinn go hoscailte agus go neamhbhalbh leis an bhfoireann agus roinn siad a dtuairimí faoi taithí a bhí acu le cúig bliana anuas agus faoi na hionchais atá acu don todhchaí.

Cuireann an t-eolas sa chuid seo a leanas faoi gach ceann de na hionaid leis an eolas i dtuarascáil cúlra (Hyland).

## IONAD 1

### Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (a chuimsíonn Roinn Oideachais DCU; Iar-Choláiste Phádraig, Droim Conrach; Institiúid Oideachais Mater Dei; agus Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann)

Nuair a thug an fhoireann idirnáisiúnta cuairt ar Bhaile Átha Cliath in 2012, léirigh Uachtarán DCU a fhís agus a thiomantas d'Institiúid Oideachais DCU den chéad scoth a bhunú. Ó shin, fíoraíodh Institiúid Oideachais DCU, a chuimsíonn ceithre institiúid éagsúla ar champas amháin (DCU; Coláiste Phádraig, Institiúid Mater Dei, agus Coláiste Eaglais na hÉireann). Ní mór na ceithre pháirtí a mholadh as cé chomh maith agus a d'éirigh leo ó thaobh an ionchorpraithe shuntasach seo, rud a d'éiligh tiomantas agus toilteanacht le páirt a ghlacadh in athruithe móra, lena n-áirítear athlonnú de chuid mhór den fhoireann agus de na mic léinn. I rith na cuairte ar an 2 Bealtaine, bhí foireann na hInstitiúide nua in DCU a bhuail leis an bhfoireann athbhreithnithe oscailte agus neamhbhalbh faoina gcuid tuairimí agus cé nach ndearna siad beag de na dúshláin a bhí rompu agus a bheidh rompu amach anseo de bharr an ionchorpraithe, bhí siad ar aon intinn maidir lena dtiomantas dona chinntiú go n-éireoidh leis an Institiúid nua.

I rith an phróisis ionchorpraithe, bhí gá le dul i ngleic le ceisteanna ar nós na difríochtaí idir pá agus coinníollacha na bhfoirne éagsúla, a n-éiteas agus a gcórais acadúla, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar chastachtaí a bhain le húinéireacht dhlíthiúil na suíomhanna agus foirgneamh, caidreamh tionsclaíoch agus saincheisteanna acmhainní daonna, agus soláthar foirne agus roinnt ceisteanna eile a fágadh gan réiteach. É sin ráite, sáraíodh formhór na ndeacrachtaí agus éascaíodh an próiseas ionchorpraithe le tacaíocht airgeadais ón ÚAO agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna, rud a chinntigh go bhfeidhmeodh Institiúid Oideachais DCU agus go n-éireodh léi.

Tá an Institiúid ag feidhmiú faoina "branda" nua féin anois agus ceapadh Déan Oideachais chun a chinntiú go gcuirfeadh an fhís i bhfeidhm go huile agus go hiomlán. Ag an gcrúinniú lóin leis an bhfoireann athbhreithnithe, ar fhreastail baill foirne den cheithre iar-institiúid air, ba léir go raibh an meas céanna ag foirne na gceithre iar-institiúid ar a chéile. Cé go bhfuil ceisteanna áirithe fós le réiteach, tá ionchorprú na bhfoirne agus na mac léinn isteach in institiúid amháin ag leanúint ar aghaidh go tapa agus, ó 2014 ar aghaidh, cláraíodh gach mac léinn ITE de chuid na hInstitiúidí mar mhac léinn de chuid DCU. Tá na mic léinn agus an fhoireann lonnaithe ar iar-champas Choláiste Phádraig agus tá rochtain acu freisin ar áiseanna phríomhchampas DCU i nGlas Naíon, cúpla ciliméadar ar shiúil, agus ar Champas Choláiste na Naomh Uile, siúlóid ghearr uathu.

Soláthraíonn an Institiúid nua, ar champas aontaithe, cúrsaí ITE i ngach réimse oideachais ón oideachas luath-óige, go dtí an t-oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile agus an breisoideachas. Soláthraítear clár oideachais do reiligiúin ar leith do mhúinteoirí a bhfuil sé ar intinn acu múineadh i scoileanna Caitliceacha agus scoileanna de chuid Eaglais na hÉireann, chomh maith le scoileanna il-sainchreidmheacha agus neamh-shainchreidmheacha. Soláthraítear clár do mhúinteoirí SEN (Riachtanais Speisialta Oideachais) chomh maith le réimse leathan clár oideachais ghairmiúil leanúnaigh, clár Mháistreacht agus clár Dhochtúireacht. Tá fianaise ann go bhfuil cultúr taighde láidir agus neadaithe ann agus go bhfuil taifead foilsíocháin suntasach atá ag dul i méid ann freisin agus gur mhéadaigh céatadán na foirne acadúla ó choláistí oideachais a bhfuil dochtúireacht acu go dtí os cionn 80%. I gcomhthéacs inar laghdaigh líon na mac léinn a bhí ag déanamh iarratais ar chlár ITE do mhúinteoirí iar-bhunscoile, tháinig méadú ar na hiarratais, go háirithe i gcás clár chomhthráthacha, ónar tháinig Institiúid Oideachais DCU ar an bhfód agus tá caihdeán ard ag na hiarrthóirí go fóill.

I rith chuairt na foirne athbhreithnithe, eagraíodh turas timpeall an champais agus chuaigh caighdeán na n-áiseanna san fhoirgneamh nua agus i bhfoirgneamh athchóirithe Choláiste Phádraig i gcion orthu. Tá an Leabharlann nua go hiontach ar fad lena bailiúchán de leabhair agus d'acmhainní a bhaineann le hoideachas, a háiseanna TF agus staidéir do mhic léinn. Tá limistéir chiúine aici chomh maith le limistéir eile atá curtha ar fáil do shaothar comhoibríoch agus d'obair i ngrúpaí. Tá nuáil agus cruthaitheacht le brath san ionad LEGO; rinneadh cuid de thionscadail agus tionscnaimh na mac léinn a phlé leis an bhfoireann.

I rith an phlé sin, chuir an fhoireann a díomá in iúl nár tógadh cur i bhfeidhm mholtaí *Sahlberg 1* san áireamh nuair a bhí sonraíochtaí tairscintí á dtarraingt suas ag an Roinn Oideachais agus Scileanna do thionscnaimh ar nós PATH, clár ITE nua trí mheán na Gaeilge nó do thionscadail taighde eile a raibh tairscintí á lorg ina leith ó institiúidí ITE. Cé gur aithníodh go dtógfadh sé am chun aitheantas poiblí agus gairmiúil a fháil don "bhranda" nua, tugadh le fios go ndéanann cuid den chumarsáid agus de na ráitis oifigiúla tagairt do na seanaimeacha a bhí ag na Coláistí Oideachais roimhe seo, seachas an "branda" nua a úsáid, is é sin Institiúid Oideachais DCU.

## IONAD 2

### Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Institiúid Oideachais Marino, Coláiste Náisiúnta Ealaíne & Deartha agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Reáchtáladh cruinniú den cheithre institiúid a bhfuil baint acu leis an Ionad 2 atá beartaithe in oifig Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil Choláiste na Tríonóide ar an 3 Bealtaine. Bhí an t-atmaisféar cairdiúl agus cuiditheach. Ag tús an chruinnithe, tugadh páipéar a bhí comhaontaithe ag an gceithre pháirtí don fhoireann athbhreithnithe. Luann an páipéar, dar teideal "Six Clusters or Seven", (tá an téacs iomlán le fáil in Agusín 3) tuarascáil *Sahlberg 1* a mholann "gur chóir oideachas múinteoirí in Éirinn a athstruchtú ina sé ionad, gach ceann acu ag ailíniú le hollscoil chomh maith le ceann amháin eile nó níos mó de na hinstitiúidí oideachais múinteoirí ainmnithe". Luaigh sé gurbh í an eisceacht don phatrún loighciúil sin ná an nasc atá beartaithe idir dhá cheann de phríomhollscoileanna taighde an stáit, TCD agus UCD, in éineacht le dhá institiúid eile, MIE agus NCAD, i gcnuasach amháin. Thug sé le fios nach raibh ailíniú dhá phríomhollscoileanna taighde ag teacht leis na hailínithe straitéiseacha eile a bhí curtha chun cinn in *Sahlberg 1*. Mhaígh an páipéar go luífeadh sé le réasún dhá chnuasach ar leith a chur chun cinn, ceann amháin déanta suas de TCD agus MIE agus an ceann eile déanta suas de UCD agus NCAD.

Tugadh le fios gur oibrigh an ceithre ollscoil ó 2012 chun a chinntiú go dtarlódh oideachas múinteoirí i gcomhthéacs ollscoile, agus i dtimpeallacht ina raibh go leor taighde ar bun ann. Cé gurbh fhéidir nár baineadh amach an sprioc sin sa bhealach a bhí beartaithe in 2012, maíonn an páipéar go bhfuil oideachas múinteoirí ina bhunchuid den chnuasach sin agus go bhfuil sé ag feidhmiú ann i gcomhthéacs taighde agus teorice atá ar thús cadhnaíochta. Agus aidhmeanna na tuarascála á gcur i bhfeidhm, d'fhorbair Cnuasach 2 ar dhá chonair éagsúla ach chomhthreomhara. Bhí páirt ag na ceithre institiúid i gcuid de na tionscnaimh ach rinneadh an chuid is mó den ghníomhaíocht ar dhá chonair chomhthreomhara. Áitíonn an páipéar go bhfuil an dá chonair sin cosúil leis na cúig chnuasach eile atá molta agus gur cheart breathnú ar TCD agus MIE mar chnuasach amháin agus ar UCD agus NCAD mar chnuasach eile. Bhí an chuid eile de na doiciméid a cuireadh ar fáil don fhoireann athbhreithnithe agus a úsáideadh sna cainteanna ina dhiaidh sin bunaithe ar shamhail an dá chnuasach neamhspleácha sin, is é sin (a) TCD agus MIE agus (b) UCD agus NCAD.

### TCD agus MIE

Thug an fhoireann athbhreithnithe cuairt ar MIE ar an 2 Bealtaine sa tráthnóna chun turas a dhéanamh timpeall an choláiste agus an champais. Tá an coláiste lonnaithe ar shuíomh fairsing; úsáidtear cuid de mar pháirceanna imeartha agus tá cuid eile neamhforbartha. Tá an suíomh agus na foirgnimh faighte ar léas ag TCD agus Proibhinse Eorpach na mBráithre Críostaí faoi shocrú comhiontaobhais atá faoi chomhaontú dlíthiúil ar feadh 99 mbliana ó 2006. Rinneadh an comhaontú a chur ar bhonn foirmiúil in 2011 agus rinneadh comhstraitéis acadúil a fhorbairt idir TCD agus MIE in 2014. Eisíodh Ionstraim Rialaithe nuashonraithe le haghaidh MIE in 2016. Tá iar-Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil TCD ina chathaoirleach ar Bhord Rialaithe MIE.

Cuimsíonn campas MIE bunfhoirgneamh Institiúid Oideachais Marino a ndearnadh athchóiriú air le blianta beaga anuas, agus foirgneamh nua saintógtha a bhfuil airéine spóirt faoi dhíonn ann, léachtlan mhór, chomh maith le seomraí ranga, seomra ealaíne mór, agus áiseanna eile do mhic léinn - agus tá neart spáis le haghaidh tuilleadh áiseanna a chur leis sin. Tá cóiríocht shaintógtha do mhic léinn ar an suíomh freisin, a chuireann cóiríocht ar fáil do mhic léinn ó MIE agus TCD araon. Cuirtear cóiríocht ar fáil do mhic léinn ón iasacht atá ag freastail ar bhunchúrsaí a ullmháíonn iad le haghaidh staidéar bunchéime in TCD agus freastalaíonn siad ar chúrsaí saincheaptha ar champas MIE. Cuirtear ar fáil go leor clár samhraidh éagsúil ar an gcampas freisin. Ní chuirtear cóiríocht ar fáil do mhic léinn MIE ar champas TCD, áfach, agus ní chuirtear cóiríocht ar fáil do mhic léinn TCD ar champas MIE ach an oiread. Agus cé go bhféadfadh mic léinn ón dá champas rochtain a fháil ar áiseanna an champais eile i bprionsabal, ní tharlaíonn sé sin go praiticiúil os rud é nach bhfuil suíomh geografach an dá champas oiriúnach don chineál rochtana sin.

Tá níos mó ná 1,000 mac léinn cláraithe anois in MIE. Méadóidh an líon sin sna blianta atá amach romhainn mar fuair MIE clár deontais €5 mhíliún ón Roinn Oideachais agus Scileanna le déanaí ós rud é gurbh í an t-aon soláthraí náisiúnta de chlár Bhaitear san Oideachas trí mheán na Gaeilge í, clár a ghlacfaidh le 70 mic léinn in aghaidh na bliana. Glacann cuid d'fhoireann MIE páirt i gcomhoibriú sa taighde agus i dtionscadail churaclaim i gcomhar le foireann TCD.

Soláthraíonn TCD clár comhthrathach ITE ceithre bliana do mhúinteoirí Ceoil dara leibhéal agus clár comhthrathach ITE dhá bhliain do mhúinteoirí iar-bhunscoile. Luaigh na mic léinn agus an fhoireann go raibh deacrachtaí ann ónar tugadh isteach an cúrsa MGO, cosúil le hinstitiúidí eile. Bhí deacrachtaí ann ó thaobh socrúcháin scoile chuí a fháil do mhic léinn MGO mar go bhfuil éileamh ard ar a leithéid de shocrúcháin i mBaile Átha Cliath, go háirithe don bhlocshocrúchán deich seachtaine a éilíonn rialacháin na Comhairle Múinteoireachta.

Le linn cuairt ar TCD ar an Déardaoin 3 Bealtaine, chonaic an fhoireann Mol Seomra Fada Choláiste na Tríonóide, Seomra Fada na Seanleabharlainne, agus bhuaill siad le mic léinn agus baill den fhoireann i Seomra Henry Jones sa tSeanleabharlann. Díríodh aird na foirne athbhreithnithe ar ghníomhaíochtaí taighde na foirne agus ar an mbéim a leagtar ar staidéir dhochtúireachta i Scoil an Oideachais, áit a bhfuil 75 mac léinn dochtúireachta cláraithe. Chuir baill den fhoireann agus mic léinn i láthair an clár comhthrathach san Oideachas Ceoil agus an clár comhthrathach MGO do mhúinteoirí iar-bhunscoile, agus leagadh béim ar na gnéithe taighde den chláir sin agus ar na naisc comhoibrithe atá ann le MIE.

## UCD agus NCAD

Le linn na cuairte chuig UCD, bhuaill an fhoireann athbhreithnithe le baill foirne agus mic léinn ó na cláir chomhthrathacha agus chomhleanúnacha ITE. Mar a cuireadh in iúl sa tuarascáil cúlra, tá straitéis uailmhianach don oideachas múinteoirí forbartha ag Scoil Oideachais UCD don chúig bliana atá amach romhainn. Déanann an straitéis sin iarracht leas a bhaint as láidreachtaí taighde na Scoile chomh maith le láidreachtaí UCD i ndisciplíní áirithe agus na háiseanna campais den chéad scoth atá aici. Déanfaí na rudaí sin a chomhtháthú i bplanann leathnaithe ITE. Cuimsíonn an plan (a) an réimse reatha clár comhthrathach (cúig bliana) ITE a leathnú amach; (b) a dtairiscintí MGO a leathnú amach chun MGO a chruthú a fhreastalaíonn ar mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile araon; (c) an t-Oideachas a sholáthar mar Phríomhábhar ag an Leibhéal bunchéime agus (d) for-rochtain a leathnú amach trí chlár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (CPD) a chur ar fáil. Chuaigh UCD i mbun cainteanna le NCAD maidir le conas a d'fhéadfadh NCAD comhoibriú sna forbairtí seo. Níl sé i gceist sna pleannanna, áfach, go mbeadh mic léinn UCD agus NCAD ag roinnt cóiríochta, cé go mbeidh comhoibriú ann i gcónaí idir foirne an dá institiúid i dtionscadail taighde.

Le linn a gcuais ar NCAD, bhuaill an fhoireann le mic léinn agus leis an bhfoireann chun a gcuid tionscadal ealaíne agus deartha a phlé. Thug an fhoireann cuairt freisin ar na stiúideonna agus phléigh siad a dtionscadail ealaíne agus deartha leis na mic léinn. I rith na gcainteanna sin, tháinig sé chun solais go raibh sé beartaithe ag go leor de chéimithe ITE NCAD glacadh le poist mhúinteoireachta thar lear. Cuireadh in iúl don fhoireann go ndeachaigh cuideachta ón tSualainn sa tóir ar sheachtar mac léinn a rinne speisialtóireacht i dTeicstílí agus gur ghlac na mic léinn sin le poist sa tír sin agus bheidís ag tosú i Meán Fómhair.

## IONAD 3

### Ollscoil Mhá Nuad (a chuimsíonn Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas)

Mar a cuireadh in iúl sa tuarascáil cúlra, in 2011 shocraigh Coláiste Oideachais Froebel athlonnú ón gCarraig Dhubh, Contae Bhaile Átha Cliath, chuig Campas Ollscoil Mhá Nuad, 25 km ar shiúil. D'éascaigh na Siúracha Doimniceacha, arbh leo campas Choláiste Froebel ar an gCarraig Dhubh, an t-athlonnú sin agus chuir siad thart ar aon trian den mhaoiniú ar fáil le haghaidh foirgneamh Oideachais nua saincheaptha ar champas Mhá Nuad. Ó 2011, cláraíodh mic léinn Froebel mar mhic léinn de chuid Ollscoil Mhá Nuad agus, cé go raibh na blianta tosaigh deacair do gach duine de bharr nach raibh an foirgneamh nua réidh le húsáid go dtí an bhliain acadúil 2016/2017, tá ardmholadh ag dul do cheannairí agus d'fhoireann Ollscoil Mhá Nuad agus Froebel as an éacht a rinne siad ó thaobh an phróisis ionchorpraithe a chur i gcrích.

Le linn na chéad seisiún de chuairt na foirne ar 2 Bealtaine, chuir Uachtarán Ollscoil Mhá Nuad béim ar an ról lárnach a bhí ag an Oideachas i gcultúr Ollscoil Mhá Nuad le fada an lá. Thagraigh sé don Oideachas mar “chroílár” na hollscoile – agus thug sé léargas ar a thiomantas agus ar thiomantas bhainistíocht na hollscoile dona chinntiú go mbeidh an foirgneamh Oideachais lonnaithe in áit shuntasach ar champas Mhá Nuad agus go ndéanfar foireann agus mic léinn Froebel a imeascadh go hiomlán – rud a léiríonn tiomantas láidir ardbhainistíocht na hollscoile don Oideachas.

Cuireann an foirgneamh nua áit ar fáil d'fhoireann agus do mhic léinn na hiar-ranna ar fad chomh maith le spás a chur ar fáil d'iar-fhoireann Choláiste Froebel. Cuimsíonn na cláir a chuireann Ollscoil Mhá Nuad ar fáil gach réimse den oideachas ón oideachas luath-óige, go dtí an oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile (comhleanúnach agus comhthráthach); cuireann sé ar fáil breisoideachas, oideachas aosach agus oideachas leanúnach chomh maith le teagasc ollscoile tríd an ionad um mhúinteoireacht agus foghlaim san Ardoideachas. Tá an foirgneamh Oideachais go hiontach, le spásanna múinteoireachta a léiríonn éiteas Froebel agus ar léiriú iad ar dheachleachtas i ndearadh seomraí ranga luath-óige agus bunscoile. Tacaíonn an ailtireacht leis an gcur chuige oideolaíochta atá oiriúnach do chlár oideachais do mhúinteoirí. D'éascaigh an foirgneamh dlúthchaidreamh a bhunú idir foirne na scoileanna éagsúla.

Is fostaithe de chuid Ollscoil Mhá Nuad an fhoireann ar fad (lena n-áirítear iar-fhoireann Choláiste Froebel) agus ba léir go raibh an meas céanna acu ar a chéile. Cé go n-aithnítear go bhfuil póitéinseal ann le haghaidh tuilleadh comhoibrithe agus comhtháighde agus teagaisc, agus cé go ndéanfar é sin a spreagadh i gcónaí, chuala an fhoireann fianaise láidir go raibh an fhoireann ag gach leibhéal agus i ngach earnáil ag comhoibriú ar thionscadail éagsúla cheana féin. Bhí rannpháirtíocht na foirne i Roinn an Oideachais Aosaigh agus Pobail iontach ach go háirithe – chonacthas leibhéal rannpháirtíochta ann nach raibh le feiceáil sna hionaid eile. I gcomhthéacs an chaidrimh sin, ceadaítear do mhic léinn aistriú ó chlár bhreisoideachais chuig clár ardoideachais, bealach nach bhfuil fáil air go hiondúil in Éirinn. Tá Ollscoil Mhá Nuad tiomanta freisin do leathnú amach a clár for-rochtana chun a chinntiú go bhfaigheann daoine óga ó phobail atá faoi ghannionadaíocht go traidisiúnta, m.sh. an lucht Siúil, rochtain ar chlár oideachais do mhúinteoirí.

Mhéadaigh an t-éileamh ó mhic léinn ar chlár do mhúinteoirí bunscoile ó bhog Coláiste Froebel go dtí Má Nuad agus is ann a éilítear na pointí is airde sa tír anois chun áit a fháil ar an gcúrsa. Spreagtar na mic léinn chun páirt a ghlacadh sa mhalairt Erasmus, agus an bhliain seo caite ghlac níos mó ná an ceathrú cuid den bhliainghrúpa ábhartha páirt sa chlár. Cabhraíonn an ollscoil leo aon easpa ina gclár a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr a dtaistil thar lear a chúiteamh.

## IONAD 4

### Ollscoil Luimnigh, Coláiste Mhuire Gan Smál (a chuimsíonn campas Naomh Pádraig), Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh

Dhearbhaigh an chuairt a tugadh ar Luimneach na cúinsí a bhí leagtha amach sa pháipéar cúlra. Sa chnuasach seo, tá trí sholáthraí ITE ar leith ann – MIC (a chuimsíonn campas MIC, Campas Naomh Pádraig, Durlas) agus Ollscoil Luimnigh agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Ó rinneadh MIC Durlas a ionchorprú in 2015, soláthraíonn MIC cláir ITE i ngach réimse den oideachas ón oideachas luath-óige, go dtí an t-oideachas bunscóile agus iar-bhunscoile chomh maith leis an oideachas aosach agus an breisoideachas. Soláthraíonn UL/LIT cláir ITE chomhleanúnacha agus chomhthráthacha do mhúinteoirí iar-bhunscoile. Tá os cionn 5,500 mac léinn oideachais cláraithe le MIC (3,800) agus Ollscoil Luimnigh (1,700) agus tá 35 mac léinn breise i LIT. Cuireann an dá ionad réimse leathan cúrsaí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (CPD) ar fáil agus bíonn taighde gníomhach á dhéanamh acu, go háirithe ag leibhéal na Máistreachta agus na Dochtúireachta (m.sh. (i) is é MIC an príomhpháirtí in REX (le UL agus OÉ Gaillimh), ar gréasán sóisialta ceannródaíoch ar líne do mhúinteoirí agus taighdeoirí é, (ii) tá os cionn 120 alt irisleabhair foilsithe ag taighdeoirí oideachais UL in irisí ISI-innéacsaithe le 4 bliana anuas, agus tá go leor acu sin dírithe ar oideachas múinteoirí, (iii) ghlac an dá ionad páirt shuntasach in obair eagarthóireachta a chuimsígh irisleabhair náisiúnta/idirnáisiúnta a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu agus leabhair a bhfuil eagarthóireacht déanta air). Ó 2016 ar aghaidh, cuireann UL agus MIC comhchlár sna hEalaíona ar fáil agus tá ábhair éagsúla á múineadh ar champais éagsúla. Tá infheistíocht déanta ag MIC, LIT agus UL in áiseanna a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht thaithe na mac léinn agus ar dheiseanna le haghaidh staidéar iarchéime san oideachas (m.sh. (i) athchóiriú mór ar Fhoirgneamh John Henry Newman ag MIC chun tacú le staidéir taighde agus iarchéime; (ii) áiseanna nua-aimseartha UL le haghaidh obair phraiticiúil i dteangacha, corpoideachas agus ábhair STEM, chomh maith le síneadh mór a rinneadh ar a leabharlann chun áiseanna den chéad scoth agus 1,200 spás breise a chur ar fáil; (iii) Spás nua gailearaí i seanséipéal de chuid LIT ag LSAD a chuireann spás suntasach teagaisc agus taispeántais ar fáil don institiúid agus don chathair).

Is coincheap nár fíoraíodh go hiomlán fós é an Institiúid Náisiúnta um Staidéir san Oideachas (NISE), a bunaíodh in 2014, ós rud é nach raibh aon Stiúrthóir ceaptha dó roimhe seo. Cuireadh in iúl don fhoireann athbhreithnithe gur ceapadh an tOllamh Oideachais Múinteoirí atá in Ollscoil Luimnigh faoi láthair mar Stiúrthóir ar NISE, agus go bhfuiltear ag súil leis go gcuirfeadh sé seo le deiseanna comhoibrithe níos doimhne agus níos leithne idir Coláiste Mhuire gan Smál agus UL. Beidh NISE ina shlí chomhoibrithe idir MIC, UL/LIT, ach ní bheidh sé ina bhonn le comhtháthú ná cónascadh den dá heintiteas ar leith. Mar shampla, feabhsóidh NISE na socruithe reatha maidir le taighde comhoibríoch chomh maith leis na socruithe atá ann maidir le soláthar Máistreachtaí agus Dochtúireachtaí, agus táthar ag súil leis go ndéanfaidh sé na naisc idir an dá institiúid a neartú. Cé go mbeidh tionchar mór ag NISE ar chur i bhfeidhm na fise maidir le hoideachas i réigiún Luimnigh, tá sé róluath a rá cén tionchar a bheidh aige ar ITE. Maidir le ITE, rachaidh comhpháirtithe NISE i mbun roinnt tionscnamh comhoibríoch lena n-áirítear: (i) sparánachtaí maoinithe le haghaidh taighde ar ITE, (ii) staidéar mórscála ar leibhéal an chláir a chuimsíonn cláir ITE de chuid chomhpháirtithe NISE, (iii) forbairt chomhoibríoch d'acmhainní oideolaíochta ITE, (iv) páirt a ghlacadh i staidéar mórscála 3 bliana trasnáisiúnta maidir leis an oideachas tosaigh múinteoirí.

Bhí na cruinnithe le ceannaireacht agus foireann MIC, UL agus LIT dearfach agus tairbheach. Bhí tuiscint mhaith idir na páirtithe ar fad agus ba léir go bhfuil siad sásta oibriú as lámha a chéile. Athraíodh ceannaireacht UL le roinnt míonna agus ceapadh Uachtarán nua in MIC. Tabharfaidh sé sin deis nua don dá institiúid neart a bhailiú agus tuilleadh comhoibrithe a chothú. Ba léir go raibh an meas céanna ag foirne na dtrí institiúid ar a chéile, cé gur cuireadh imní in iúl don fhoireann athbhreithnithe nach raibh na deiseanna céanna maidir le harduithe céime (m.sh. go leibhéal an ollaimh) faomhaithe i leith fhoireann MIC go fóill, ar an mbealach céanna is a rinneadh cheana féin in ionaid eile, de réir cosúlachta.

Le linn na cuairte, chuaigh campas MIC go mór i gcion ar an bhfoireann, go háirithe an spórtlann nuathógtha, mol na mac léinn, Amharclann an Lime Tree agus an foirgneamh iarchéime nuachóirithe - an t-ionad John Henry Newman. Bhuail an fhoireann le baill foirne agus mic léinn ó chlár éagsúla a d'eagraigh taispeántas dá gcuid taighde agus dá n-oibre agus a chuaigh i dteagmháil go haigeanta leis an bhfoireann. Bunaíodh an iris STER (Taighde Oideachais Múinteoirí faoi Oilíúint) ar líne chun deis a thabhairt do mhúinteoirí faoi oilíúint a gcuid torthaí taighde a scaipeadh agus iad a roinnt lena gcompháirtithe, le múinteoirí agus le teagascóirí múinteoirí. Maidir le hidirnáisiúnú, cuireadh in iúl don fhoireann cé go gcaitheann roinnt mac léinn tréimhsí gearra ar shocrúcháin thar lear, go háirithe i dtíortha atá i mbéal forbartha, nach bhfuil sé sin leabaithe go dlúth sa chlár Baitsiléara Oideachais. Ina theannta sin, tá sé thionscadal ERASMUS+ ar bun faoi láthair i measc comhpháirtithe NISE, 4 cinn acu in UL agus 2 cheann i MIC.

Thug an fhoireann faoi deara go bhfuil céimeanna dochtúireachta ag 70% den 76 ball foirne acadúil Dhámh Oideachais MIC agus go bhfuil 15% sa bhreis ag déanamh staidéar dochtúireachta faoi láthair. Tá taighde gníomhach á dhéanamh ag an bhfoireann agus tá MIC mar cheann de na trí chomhpháirtí (le UL agus OÉ Gaillimh) sa tionscadal Research Expertise Exchange (REX) – gréasán sóisialta ar líne do mhúinteoirí agus do thaighdeoirí oideachais. Tá REX á mhaoiniú ag an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama. Tá Aonad Forbartha Curaclaim seanbhunaithe ag MIC (a bunaíodh in 1986) a dhéanann taighde ar churaclaim agus oideolaíocht agus cuireann an taighde sin bonn eolais faoi fhorbairt téacsleabhar agus ábhair acmhainní, arna feabhsú ag teicneolaíochtaí nua. Glacann MIC páirt i réimse leathan gníomhaíochtaí for-rochtana STEM. Forbraíodh córas idirghníomhach ar líne do shocrúcháin scoile le haghaidh mic léinn MIC agus UL (TÚS – Comhéadan Múinteoirí, Ollscoileanna, Mic Léinn) i gcomhar le UL agus chabhraigh sé sin chun mic léinn a mheaitseáil le scoileanna cuí agus múinteoirí comhoibreacha agus monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn i rith sochrúcháin scoile.

Thug an fhoireann cuairt freisin ar Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh (LSAD), ar Champas LIT Shráid an Chláir. Dhírigh an chuairt ar spás taispeántais Church Gallery LSAD, áit a raibh taispeántas bliantúil Ealaíne agus Deartha na mac léinn ón Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO) Ealaíne agus Deartha le feiceáil. Cuireann an taispeántas, atá ina chuid dhílis den chlár MGO, léargas ginearálta ó scoileanna dara leibhéal ar fáil ar nuáil sa churaclaim ealaíne agus deartha reatha, cuireann sé fóram ar fáil do mhúinteoirí faoi oilíúint chun taighde a rinneadh i scoileanna a scaipeadh, chomh maith le hardáin le haghaidh comhpháirtíochtaí gairmiúla le scoileanna tríd an tionscnamh 'Schools in Focus'. Le linn na cuairte, bhí deis ag an bpainéal caidreamh a bhunú leis na mic léinn, éisteacht lena gcur i láthair taighde agus dul i dteagmháil leo maidir leis na tionscadail uailmhianacha atá forbartha acu sa seomra ranga. Ar an gclár MGO seo déantar an obair phraiticiúil ar shainábhair, na staidéir oideolaíochta, an taighde agus na gnéithe sochrúcháin scoile in LIT i gcónaí agus freastalaíonn na mic léinn ar mhóidúil bhunstaidéir ar champas UL, in éineacht le mic léinn UL. Deimhníonn UL a gclár MGO agus ó 2016 déanann UL agus LIT an chéim a chomhbhronnadh.

Le linn a gcuarite ar champas UL, bhuail an fhoireann le baill foirne agus líon beag mac léinn. Déanann mic léinn bunchéime ITE staidéar ar a n-ábhair acadúla sna ranna a bhaineann lena sainábhar (m.sh. Bitheolaíocht nó Matamaitic nó Ceimic) agus déanann siad a staidéir oideachais sa Scoil Oideachais. Tá clár MGO iar-bhunscoile ag UL sa ghnó, sa cheol, sa teicneolaíocht, sa mhatamaitic, i dteangacha agus corpoideachas. Thug an fhoireann cuairt ar EPI-STEM, an tIonad Náisiúnta um Oideachas STEM, a bunaíodh deich mbliana ó shin le maoiniú ón ÚAO. Fuair an tIonad maoiniú ón Roinn Oideachais agus Scileanna le blianta beaga anuas chun clár uas-scilithe a chur ar fáil (Dioplóma Gairmiúil sa Mhatamaitic don Mhúinteoireacht, PDMT) do mhúinteoirí matamaitice 'seachréimse', agus cuireadh in iúl don fhoireann athbhreithnithe go mbeidh thart ar 1,000 múinteoir tar éis céim atá faofa ag an gComhairle Mhúinteoireachta a bhaint amach nuair a chríochnaíonn an séú cohórt an clár in 2019. Ó 2017, tá UL ag cur, in éineacht le OÉ Gaillimh agus UCD, Dioplóma Iarchéime Comhbhronnaithe i gCeannaireacht Scoile (PDSL) ar fáil. Ghlac 250 mac léinn páirt in 2017 agus 300 mac léinn in 2018 – is dioplóma é a chuimsíonn daoine ar mhaith leo a bheith ceannairí ó bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar fud na tíre. Tá an clár sin maoinithe go páirteach (60%) ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

## IONAD 5

### Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Cuireann UCC clár ITE ar fáil do mhúinteoirí luath-óige chomh maith le clár chomhthráthacha a chur ar fáil do mhúinteoirí Eolaíochta, corpoideachais agus Spóirt agus clár leanúnach a chur ar fáil do mhúinteoirí iar-bhunscoile chun iad a ullmhú le haghaidh MGO a dhéanamh. Cuireann CIT, i gcomhar le UCC, clár ar fáil do mhúinteoirí Ealaíne agus Deartha a ullmhaíonn iad don chéim MGO a combhronann CIT agus UCC. Tá córas socrúcháin scoile struchtúrtha ag UCC agus tá meabhrán tuisceana aici le 79 scoil sa limistéar/réigiún. Níl aon fhadhb mhór ag UCC maidir le socrúchán scoile agus tá seanchaidreamh láidir aici le hiar-bhunscoileanna laistigh dá ceantair scoileanna.

Le linn na cuairte ar Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, bhuaib an fhoireann leis an gCláríteoir/Leas-Uachtarán, Ceann Choláiste ACSSS, baill foirne ón Scoil Oideachais agus baill foirne ó Choláiste Ealaíne agus Deartha Crawford CIT. D'fhreastail roinnt mac léinn ón MGO agus ón MGO (Ealaíon agus Dearadh) ar chuid den chruinniú agus labhair siad faoina bpáipéir taighde ghairmiúla. Bhí postaeir a bhain le cuid de na páipéir sin ar taispeáint ag an gcruinniú. Cuireadh samplaí de na páipéir taighde ghairmiúla ón MGO agus ón MGO (Ealaíon agus Dearadh) ar fáil don fhoireann freisin. Thug an fhoireann cuairt ar leabharlann iontach na hOllscoile agus ar a Crios Cruthaitheach. Tugadh cuairt ar Chrios Cruthaitheach UCC mar nach raibh rochtain ar Shaotharlann Taighde Mhúinteoireachta na Scoile, áis atá deartha ar bhealach cosúil leis, de bharr oibríthe athchóirithe a bhí á ndéanamh ar an bhfoirgneamh.

Chuaigh an chuairt a thug an fhoireann ar Ionad Eureka (le haghaidh Oideachais Eolaíochta) UCC go mór i gcion ar an bhfoireann – áit a dtéann mic léinn MGO agus Baitisléara Eolaíochta (Oideachas Eolaíochta) i mbun na gcodanna saotharlannbhunaithe dá gclár. Cuimsíonn an t-ionad saintógtha seo dhá shaotharlann a dhéanann aithris go díreach ar shaotharlanna eolaíochta scoile. Úsáidtear Ionad Eureka ag an deireadh seachtaine agus i rith na laethanta saoire le haghaidh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile a chuirtear ar fáil ar bhonn pro bono mar rannchuidiú don ghairm. Chomh maith leis sin, cuireann sé ranganna saotharlainne praiticiúla ar fáil do dhaltaí bunscoile agus iar-bhunscoile go háirithe dóibh siúd a thagann ó chúirí faoi mhíbhuntáiste ó thaobh an oideachais de. Cuireadh clár ar fáil do mhúinteoirí seachréimse chun go gcomhlíonfaí riachtanais na Comhairle Múinteoireachta maidir le Fisic agus Ceimic agus bheadh UCC sásta comhoibriú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun tuilleadh uas-sciliú a chur ar fáil do mhúinteoirí STEM agus múinteoirí eile más gá. Ba mhaith leis an bhfoireann UCC a mholadh as láidreacht a soláthar sa réimse sin, agus as an dlúthchaidreamh atá bunaithe aici le múinteoirí STEM go náisiúnta agus le scoileanna agus daltaí sa cheantar.



## IONAD 6

### OÉ Gaillimh (a chuimsíonn Coláiste San Aingeal, Sligeach, agus IT na Gaillimhe-Maigh Eo)

Cuimsíonn an tIonad seo trí champas – OÉ Gaillimh, Coláiste San Aingeal, agus IT na Gaillimhe-Maigh Eo (Campas Leitir Fraic agus na Gaillimhe). Beidh ionad nua ITE OÉ Gaillimh lonnaithe i gcónaí ar thrí champas ar leith ach déanfar campas Choláiste San Aingeal a ionchorprú ina iomláine (lena n-áirítear foireann agus mic léinn) isteach in OÉ Gaillimh. Ó 2012, tá comhoibriú dlúth forbartha idir foirne agus mic léinn na dtrí champas. Caitheann mic léinn GMIT (Staidéir Thógála agus mic léinn DCG) an chéad dhá bhliain dá gclár i Leitir Fraic, áit a bhfuil an tIonad Náisiúnta don Bharr Feabhais i nDearadh Troscaín agus Teicneolaíocht bunaithe agus áit a bhfuil teicneolaíocht adhmaadóireachta dhaor agus shofaisticiúil ar fáil. Caitheann na mic léinn an dhá bhliain deiridh i nGaillimh, agus tógann siad a gcuid módúl Oideachais ar champas OÉ Gaillimh. Beidh foireann agus mic léinn Choláiste San Aingeal lonnaithe i gcónaí ar champas San Aingeal, ach ós rud é go bhfuil áiseanna speisialaithe Eacnamaíochta Baile lonnaithe ar an gcampas sin, tá sé i gceist na mic léinn a chlárú mar mhic léinn de chuid OÉ Gaillimh agus tá sé i gceist freisin go mbeidh na mic léinn ag obair go dlúth lena gcomhpháirtithe ar champas OÉ Gaillimh, trí úsáid a bhaint as físchomhdhála agus teicneolaíochtaí cumarsáide eile.

Tá go leor bainte amach ag an Ionad seo ó 2012. Tá an dá pháirtí, OÉ Gaillimh agus iontaobhaithe agus bainistíocht Choláiste San Aingeal tiomanta d'ionchorprú iomlán an choláiste san ollscoil chomh luath agus a réiteofar na ceisteanna dlíthiúla ar fad. D'aontaigh iontaobhaithe agus bainistíocht Choláiste San Aingeal gur chóir úinéireacht dhlíthiúil an champais a aistriú go OÉ Gaillimh. Is suíomh agus campas luachmhar é seo, atá lonnaithe i suíomh fíorálainn ar bhruacha Loch Gile, agus nuair a chuirfear an t-aistriú dlíthiúil in éifeacht is amhlaidh gur síneadh luachmhar don Ollscoil i Réigiún an Iarthuaiscirt a bheidh ann. Aithníodh deacracht shuntasach dhlíthiúil i rith an díchill chuí maidir le cearta rochtain ar champas San Aingeal agus a chuid áiseanna, de bharr talamh a dhíol Coláiste San Aingeal in 2005. Cuireadh in iúl don fhoireann go mbeadh gá ann an fhadhb sin a réiteach go sásúil sula mbeifí in ann ionchorprú fhoireann agus mhic léinn San Aingeal a chur i gcrích.

Fuarthas réiteach, den chuid is mó, ar fhadhbanna acmhainní daonna agus institiúideacha a d'eascair as socrúithe conarthacha éagsúla i leith na foirne i gColáiste San Aingeal agus OÉ Gaillimh, agus tá sé comhaontaithe ag an dá institiúid go mbeidh ionchorprú rathúil ag brath ar chothromaíocht idir foirne San Aingeal agus OÉ Gaillimh. Tá díomá ar an bhfoireann shinsearach sa dá institiúid faoin mhoill atá ar chur i gcrích an phróisis ionchorpraithe – díomá a mhóthaíonn an fhoireann athbhreithnithe freisin, ar mhaith leo réiteach sásúil ar an ndeacracht dhlíthiúil a fheiceáil. Tugann sé an-sásamh dúinn a chlosteáil go bhfuil dearcadh dearfach ag foireann na dtrí hinstiúid i leith an chomhoibríthe nua.

Le linn na gcuartheanna ar shuíomh San Aingeal agus OÉ Gaillimh, chonaic an fhoireann athbhreithnithe samplaí de na háiseanna iontacha atá acu agus roinnt samplaí de shár-dheachleachtas freisin. Ar champas San Aingeal, bhí daltaí ó bhunscoileanna agus ó iar-bhunscoileanna áitiúla á múineadh ag mic léinn ITE ag úsáid áiseanna saotharlainne an choláiste. Bhí mic léinn eile ag baint úsáide as na háiseanna Eacnamaíochta Baile chun ranganna taispeántais a thabhairt dá gcomhghleacaithe agus a scileanna cócaireachta agus eacnamaíochta baile a chleachtadh. Fuair múinteoirí faoi oiliúint nach raibh sé de dheis acu gnéithe áirithe den chlár Eacnamaíochta Baile a mhúineadh i rith a socrúcháin tacaíocht bhreise ón bhfoireann. Bhí samplaí d'obair na mac léinn ar taispeáint agus phléigh mic léinn a dtionscadail taighde leis an bhfoireann athbhreithnithe. Cuireadh turas timpeall na leabharlainne nua-aimseartha ar fáil freisin.

Chuala an fhoireann go gcaithfear an clár ITE dhá ábhar comhthráthach (a raibh ina chlár ceithre bliana 240 ECTS roimhe seo) a shíneadh go dtí cúig bliana (300 creidiúint ECTS) chun go mbeidh sé ag comhlíonadh riachtanais nua na Comhairle Múinteoireachta. Glactar an dara hábhar anois ag leibhéal na bunchéime (Leibhéal 8). Ní bheidh an Eacnamaíocht ar fáil mar ábhar ón mbliain seo chugainn ar aghaidh. Tá comhoibriú dlúth ann idir an fhoireann Oideachais agus baill foirne eile de chuid OÉ Gaillimh – caitheann Ollamh Oideachais OÉ Gaillimh am gach seachtain ar champas San Aingeal agus ghlac baill foirne ón dá champas páirt i bpleanáil clár agus i dtograí comhtháite eile. Ar a bharr sin, rinneadh an clár ITE a athchóiriú chun tuilleadh ama le haghaidh féinstitiúid agus machnamh a chur ar fáil, agus rinneadh am teagmhála foireann/mic léinn a laghdú 35%. Tá an fhoireann tiomanta do chultúr taighde a fhorbairt agus tá siad ag leathnú amach a gcuid teagmhálacha idirnáisiúnta; cuireadh fisichomhdháil ghearr ar fáil le céimí atá ag múineadh in iargúil na hAstráile. Tá réiteach faighte ar fhadhbanna rochtana Idirín sa chuid seo de thuath na hÉireann trí chábala snáthoptaice a leagan síos chun an nascacht le OÉ Gaillimh a fheabhsú, agus moltar úsáid níos ginearálta a dhéanamh de theicneolaíocht i gcleachtadh múinteoireachta. Cuireann Coláiste San Aingeal módúil uas-scilithe ar fáil san eacnamaíocht baile do mhúinteoirí oilte agus is forbairt nua í an Dochtúireacht san Eacnamaíocht Baile.

Chuaigh an chuairt ar shuíomh OÉ Gaillimh go mór i gcion orainn freisin. Bhuail an fhoireann le baill foirne agus mic léinn de chuid na gclár comhthráthach (Matamaitic agus Oideachas) agus comhleanúnach (MGO) ITE, chomh maith le foireann agus mic léinn de chuid an chlár MGO a mhúinteoirí trí mheán na Gaeilge. Bhí roinnt samplaí iontacha de thionscadail mic léinn ar taispeántas agus bhí deis ag an bhfoireann iad sin a phlé leis na mic léinn.

Cuireann OÉ Gaillimh Baitsiléir Ealaíne (Staidéar Leanaí) ar fáil chomh maith le clár oiliúna tosaigh múinteoirí do mhúinteoirí breisoideachais agus clár san Fhoghlaim agus sa Mhúinteoireacht Aosach. Comhordaíonn an tlonad um Fhoghlaim Aosach agus Cleachtadh Gairmiúil na clár sin.

Chomh maith leis sin, bhuail an fhoireann le mic léinn agus foireann de chuid IT na Gaillimhe-Maigh Eo agus thug siad faoi deara go bhfuil an nasc idir OÉ Gaillimh agus IT na Gaillimhe-Maigh Eo ag fás, rud a bhfuil an líonra nuabhunaithe Teagascóirí Múinteoirí le Chéile (TET) mar bhonn aige. Is ionann misean sonraithe TET agus:

Comhoibrithe cruthaitheacha agus nuálacha idir clár oideachais múinteoirí (OM) OÉ Gaillimh agus IT na Gaillimhe-Maigh Eo a chur chun cinn agus tá béim ar leith á chur ar shaineolas agus acmhainní comhroinnte, ar chur chun cinn oideolaíochtaí cruthaitheacha agus nuálacha, agus ar thionscadail taighde chomhoibreacha agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta i réimse an Oideachais Múinteoirí.

Chonaic agus phléigh an fhoireann déantúsáin troscáin, taispeántais ardghrafaicé, tionscadail deartha ríomhchuidithe, ríomh-Phortfóilíonna agus taispeántais postaeir a rinne mic léinn GMIT. Rinneadh réimse acmhainní teagaisc agus foghlama bunaithe ar theicneolaíocht a dhear foireann GMIT a thaispeántas freisin. Bhí torthaí an chomhoibrithe sa taighde a cuireadh i láthair ag comhdhála oideachais náisiúnta agus idirnáisiúnta ar taispeántas freisin.

Thug an fhoireann faoi deara na comhthionscadal taighde a forbraíodh le cúig bliana anuas a d'eascair as láidreachtaí agus saineolas na dtí champas agus thug siad faoi deara ach go háirithe go bhfuil ceithre chnuasach taighde ann faoi láthair, cnuasaigh a chuimsíonn baill foirne den trí hinstitiúid: Éagsúlacht agus Cuimsiú san Oideachas; cnuasach STEM; Ceannaireacht agus Forbairt Ghairmiúil san Oideachas; Oideachas sa Ghaeilge agus sna Nuatheangacha.



# Conclúidí maidir le Leasuithe Struchtúrtha ó 2012

Tá dul chun cinn suntasach déanta le cúig bliana anuas maidir le cur i bhfeidhm mholtaí *Sahlberg 1*. Is féidir ceannaireacht agus foireann na n-institiúidí ar fad a mholadh as a dtiomantas don chlár gnó feidhmithe agus as na torthaí a baineadh amach go dtí seo. Tharla an t-athchóiriú struchtúrtha ar ITE in Éirinn ag am a bhí ciorruithe á ndéanamh sa gheilleagar náisiúnta agus ag an am céanna a bhí athchóiriú suntasach á dhéanamh ar chlár ITE tar éis an cinneadh a rinneadh chun bliain amháin a chur leis na cláir sin (sé sin 60 creidiúint ECTS a chur leo). I rith an chúlaithe eacnamaíoch, cuireadh moratóir i bhfeidhm ar earcaíocht foirne nua agus ghéaraigh sé sin na dúshláin a bhí roimh na hInstitiúidí Ardoideachais.

D'ainneoin na ndeacrachtaí a bhí ann maidir le cur i bhfeidhm an chlár ghnó athchóirithe, ba mhór an sásamh don fhoireann aiseolas dearfach a fháil ó roinnt de na hionaid maidir lena dtaithe ina leith. Dúirt go leor acu nach mbeidís ábalta athrú chomh mór sin a dhéanamh astu féin gan "spreagadh" ón taobh amuigh, ach anois go bhfuil sé déanta acu mhothaigh siad go raibh sé iontach agus spreagúil. Dúirt siad gur spreag an taithe iad a bheith ag smaoineamh "as an nua" ar bhealach nach ndéanfadh siad go hiondúil.

## Ceisteanna Uileghabhálacha

Ó thaobh an athchóirithe de, rinneadh moltaí thuarascáil *Sahlberg 1* a chur i bhfeidhm ina n-iomláine i gcás thrí Ionad: Ionad (1) Institiúid Oideachais DCU; Ionad (3) Ollscoil Mhá Nuad; agus Ionad (5) Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus IT Chorcaí. Cuireann Ionad (1) agus (3) réimse iomlán clár ITE ar fáil ón oideachas luath-óige go dtí an oideachas bunscóile (lena n-áirítear oideachas aosach), agus ionchorpraíodh an fhoireann agus na mic léinn sa champas céanna go hiomlán. Cuireann Ionad (5) clár céime ITE ar fáil san oideachas luath-óige, chomh maith le cláir chomhthráthacha agus chomhleanúnacha do mhúinteoirí iar-bhunscóile. Freastalaíonn mic léinn CIT Crawford ar na módúil Oideachais ábhartha ar fad ar champas UCC agus bronntar MGO orthu ón dá institiúid.

I gcás Ionad (6) OÉ Gaillimh/Coláiste San Aingeal – tá cur i bhfeidhm mholtaí *Sahlberg 1* beagnach críochnaithe agus tá ardbhainistíocht an dá hInstitiúid tiomanta d'ionchorprú iomlán Choláiste San Aingeal in OÉ Gaillimh a chur i gcrích chomh luath agus a réiteofar na saincheisteanna dlíthiúla a bhaineann leis.

Is éacht é de chuid iontaobhaithe Choláiste San Aingeal (Sligeach) agus Choláiste Phádraig (Droim Conrach) campais a gcoláistí a aistriú saor in aisce chuig ollscoileanna poiblí agus is rud iontach an síntiú a rinne na Siúracha Doimíniceacha i dtreo Foirgneamh Oideachais Ollscoil Mhá Nuad chun spás a chur ar fáil d'aistriú Choláiste Froebel chuig MU.

In Ionad (4) UL/MIC tharla forbairtí suntasacha ó 2012 ar aghaidh. Ceapadh Uachtaráin nua ar UL agus ar MIC le déanaí. Cuireann an MIC nua (a chuimsíonn Coláiste Naomh Pádraig i nDurlas) ITE ar fáil i réimsí an oideachais luath-óige, an oideachais bhunscóile agus iar-bhunscóile, chomh maith le cláir Forbartha Gairmiúla Leanúnaí, Mháistreachta agus dhochtúireachta. Tá os cionn 5,000 mac léinn (bunchéime agus iarchéime) cláraithe le MIC faoi láthair (lena n-áirítear mic léinn atá ar chlár foghlama cumaisc) – Ealaíona/Daonnachataí chomh maith le cláir Oideachais. Is iontach an campas é le háiseanna spóirt nua-aimseartha; amharclann; foirgneamh taighde d'iarchéimithe agus áiseanna TF agus múinteoireachta den chéad scoth. Tá taighde gníomhach ar bun ag an bhfoireann agus ag na mic léinn agus tá staidéir dhochtúireachta déanta ag formhór na foirne acadúil. Comhoibríonn MIC agus UL ar chlár taighde, cláir forbirthe gairmiúla leanúnaí agus cláir Dhochtúireachta tríd an Institiúid Náisiúnta um Staidéir san Oideachas (NISE). Rinneadh Stiúthóir a cheapadh do NISE le déanaí agus táthar ag súil leis go bhfásfaidh an comhoibriú idir MIC agus UL agus go rachaidh sé ó neart go neart sna blianta atá amach romhainn. Freastalaíonn mic léinn Ealaíne agus Deartha LIT ar léachtanna agus ar ranganna teagaisc anois in éineacht le mic léinn GMO in UL.

Maidir leis an Ionad (2) a bhí beartaithe roimhe seo, a chuimsíonn TCD, UCD, NCAD agus MIE, d'áitigh na ceithre Institiúid Ardoideachais don fhoireann athbhreithnithe go raibh an socrú a leagadh amach i *Sahlberg 1* don ionad seo mar eisceacht don phatrún loighicíúil a bhí beartaithe do na hionaid eile. Chuir siad in iúl nach raibh sé i gceist in aon cheann de na hathruithe straitéiseacha eile a beartaíodh i dTuarascáil *Sahlberg 1* athstruchtúru agus ailíniú a dhéanamh ar dhá phríomhollscoile taighde. Mhaigh siad go luifeadh sé le réasún nuair a foilsíodh an Tuarascáil in 2012 go ndéanfaí dhá chnuasach ar leith a mholadh, ceann amháin déanta suas de TCD agus MIE agus an ceann eile déanta suas de UCD agus NCAD. Tar éis cuairt a thabhairt ar an gceithre suíomh, an doiciméadú ar fad a cuireadh ar fáil a léamh agus an socrú leasaithe a mhol an ceithre institiúid a phlé, glacann an fhoireann athbhreithnithe leis an gciall sna hargóintí a cuireadh in iúl. Tá a fhios ag an bhfoireann athbhreithnithe go bhfuil clár gnó uailmhianach ar leith maidir le forbairt a Ranna Oideachais ag an dá ollscoil – nach gcuimseodh comhoibriú maidir le cur i bhfeidhm clár ITE. É sin ráite, tá roinnt comhoibríthe taighde ann cheana féin idir UCD agus NCAD, agus tá caidreamh oibríthe dearfach ag an dá institiúid.

Maidir le hIonad 2a (TCD agus MIE), thug an fhoireann faoi deara go ndearnadh comhaontas dlíthiúil a shíniú in 2012 agus go bhfuil TCD ina comhiontaobhaí de champas MIE anois. Cé gur coláiste beag é, tá MIE tar éis fás le sé bliana anuas agus tá thart ar 1000 mac léinn aige anois. Cé go bhfuil cuid dá foireann acadúil i mbun comhoibre sa taighde le foireann acadúil TCD, níl traidisiún taighde seanbhunaithe in MIE. Faigheann MIE maoiniú go díreach ón Roinn Oideachais agus Scileanna go dóill agus níl sí faoi choimirce ÚAO. Ciallaíonn sé seo nach raibh aon tionchar nó údarás ag ÚAO ar MIE agus nach mbailíonn ÚAO aon sonraí maidir le foireann agus mic léinn MIE. Murab ionann agus Institiúidí Ardoideachais eile, níl MIE faoi réir Chreat Bainistíochta Feidhmíochta ÚAO faoinar féidir dreasachtaí agus neamhdhreasachtaí cistithe a chur ar fáil.

Maidir le hIonad 2b (UCD agus NCAD), tugann an fhoireann athbhreithnithe faoi deara na pleananna forbartha uailmhianacha a bhfuil curtha in iúl ag UCD, lena n-áirítear tabhairt isteach clár ITE do mhúinteoirí bunscoile. Má chuirtear na pleananna seo i bhfeidhm, cuirfeadh an réimse leathan clár ITE, ón oideachas bunscoile go dtí iar-bhunscoile (comhthráthach agus comhleanúnach), ar fáil in UCD i dtimpeallacht ollscoile atá gníomhach ó thaobh an taighde de. Tugtar faoi deara freisin an fás atá sa chomhoibriú le NCAD agus an cumas fás agus méadaithe atá ann don chomhoibriú sin sna blianta atá amach romhainn.

## Ardcháilíocht na Mac Léinn

Chuaigh ardcháilíocht na mac léinn go mór i gcion ar an bhfoireann nuair a bhuail siad leo le linn a gcuid cuairteanna. Tugadh faoi deara go raibh cumas acadúil na mac léinn a glacadh isteach sna cláir chomhthráthacha, sna cláir bhunscoile agus iar-bhunscoile, ard go fóill, cé nach bhfuil sé chomh hard leis an leibhéal a bhí ann in 2011, b'fhéidir. Bhí scór na mac léinn a glacadh isteach sna cláir Baitsiléara Oideachais (Bunscoile) in 2017 i measc an 20% is airde mac léinn a rinne iarratas ar chlár Ardoideachais tríd an Lár-Oifig Iontrála (CAO), agus bhí iad siúd a glacadh isteach in Ollscoil Mhá Nuad (Froebel) i measc an 15% is airde. Bhí scóir na mac léinn a glacadh isteach sna cláir ITE iar-bhunscoile chomhthráthacha i measc an 25% – 30% is airde den chóhort sin, de ghnáth. Tá farasbarr mór iarrthóirí ann i gcónaí i gcomparáid leis na háiteanna atá ar fáil sna cláir ITE, go háirithe sna cláir chomhthráthacha, ach tá an bhearna idir an líon iarrthóirí agus na háiteanna atá ar fáil níos lú ná a bhí in 2012. Tugadh faoi deara gurbh fhéidir go raibh tionchar ag an laghdú ar thuarastail tosaigh múinteoirí, rud a tharla i rith an chúlaithe eacnamaíoch, ar laghdú na spéise a léirigh mic léinn i gcláir ITE. Tuigeann an fhoireann go ndearnadh roinnt dul chun cinn ó thaobh an tuarastal a ardú i dtreo an leibhéal a bhí aige roimhe seo agus go bhfuil cainteanna ar bun maidir le hé a ardú a thuilleadh fós.

Maidir le céimithe ó chlár iarchéime chomhleanúnacha do mhúinteoirí iar-bhunscoile (na cláir MGO), thit líon na gcéimithe níos mó ná trian ó tugadh isteach an clár dhá bhliain in 2013/14 (tugtar tuilleadh eolais faoi seo in Aguisín 4). Níor cuireadh acmhainní breise ar fáil do Ranna Oideachais na n-Ollscoileanna ag an am a tugadh isteach na hathruithe agus, mar sin, chinn siad líon na mac léinn a glacadh isteach a laghdú, laghdú 50% i go leor cásanna – rud a chuirfeadh ar a gcumas cláir ardcháilíochta a chur ar fáil go fóill. Níor bhain ach líon an-bheag mac léinn céim amach sna cláir iar-bhunscoile chomhleanúnacha in 2014/15 agus as sin amach thit líon na gcéimithe ó 1,200 in aghaidh na bliana sna cláir chomhleanúnacha a bhí ann roimh an chlár 2 bhliain, (figiúr bliantúil nár athraigh mórán ó 2003/4) go dtí thart ar 800 ó 2015/16 ar aghaidh. Chuir sé seo leis an nganntanas múinteoirí iar-bhunscoile atá ann faoi láthair, go háirithe i roinnt ábhar.

Ó cuireadh bliain amháin leis na cláir ITE, ciallaíonn sé go bhfuil ar mhúinteoirí nuacháilithe suas go dtí sé bliana a chaitheamh san ollscoil le bheith cáilithe mar mhúinteoirí. Ós rud é gur chlár iarchéime é an MGO, éilítear ar mhic léinn táillí de thart ar €6,000 sa bhliain a íoc do gach bliain den chlár dhá bhliain, suim airgid atá róchostasach do go leor mac léinn (i gcás mac léinn bunchéime is é €3,000 sa bhliain an táille). Is gá tuilleadh machnaimh a dhéanamh faoi thionchar an mhéid sin.

Maidir leis an nganntanas múinteoirí in ábhair áirithe, chuir go leor de na hlonaid in iúl go mbeidís sásta cláir ar bhonn foghlama cumaisc a chur ar fáil chun cur ar chumas múinteoirí atá cáilithe cheana, cuid acu atá ag múineadh taobh amugh dá “réimse” féin, cáilíocht a bhaint amach sna hábhair sin.

## An nasc idir scoileanna agus soláthraithe ITE

Braitheann láidreacht an nasc idir scoileanna agus lonaid ITE ar an lonad féin, agus tá láidreachtá éagsúla ann. Bíonn na nasc sin níos struchtúrtha go ginearálta taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, áit a mbíonn sé deacair go minic socrúcháin a chur ar fáil do mhic léinn, go háirithe don bhlocshocrúchán 10 seachtaine sa bhliain dheireanach. Thug an fhoireann forbairt TÚS faoi deara, uirlis shocrúcháin ar líne do mhúinteoirí faoi oiliúint, a d’fhorbair MIC agus UL. Tugadh faoi deara freisin na meabhráin tuisceana struchtúrtha idir UCC agus scoileanna socrúcháin. Cheistigh roinnt de na hlonaid atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath an raibh socrúchán chomh dian agus chomh fada riachtanach agus cheistigh siad an tairbhe atá ann do mhúinteoirí faoi oiliúint. D’fhiafraigh siad an mbeadh bealach eile ann chun taithí sásúil múinteoireachta a chur ar fáil. Cuireadh in iúl freisin nach bhfuil aon struchtúr náisiúnta ann chun tacaíocht agus cúiteamh a thabhairt do mhúinteoirí comhoibríoch a ghlacann le múinteoirí faoi oiliúint atá ar shocrúchán, a thacaíonn leo agus a dhéanann meantóireacht orthu. Dúirt roinnt de na soláthraithe nach bhféadfadh na soláthraithe ITE an fhadhb sin a réiteach astu féin – tá gá le tionscnamh náisiúnta chun comhpháirtíocht níos daingne a chothú idir soláthraithe ITE agus scoileanna. Tugann treochtaí idirnáisiúnta le fios go bhfuil soláthraithe ITE níos forbartha (ollscoileanna taighde ar fad iad seo) ag bunú scoileanna cliniciúla oideachais múinteoirí chun oiliúint a chur ar fáil do mhúinteoirí cosúil leis an oiliúint cois leapa a chuirtear ar fáil i scoileanna leighis nua-aimseartha. Creideann an fhoireann athbhreithnithe, bunaithe ar chomhrá le páiríthe leasmhara éagsúla i rith na gcúairteanna ar shuíomhanna, gur deis réalaíoch í seo ITE a chur chun cinn in Éirinn.

## Leanúntas an oideachais tosaigh, induchtaithe agus inseirbhíse do mhúinteoirí

Tá roinnt de na hlonaid ITE rannpháirteach sa chlár induchtaithe náisiúnta (*Droichead*) agus cuireann na hlonaid ar fad cláir inseirbhíse d’fhaid agus de chineálacha éagsúla ar fáil. Tugadh le fios gur annamh a bhaineann cláir inseirbhíse bunaithe in ollscoil tairbhe as maoiniú inseirbhíse an rialtais mar go mbíonn a leithéid de mhaoiniú dírithe ar thosaíochtaí ar leith. Caithfidh na múinteoirí féin cibé táillí a ghearrann ollscoileanna ar chlár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a ullmhaíonn le haghaidh cáilíocht Mháistreachta nó cáilíocht eile a íoc, agus ní thugtar aon liúntas airgeadais a thuilleadh le haghaidh cáilíochtaí breise, rud a bhí ar fáil roimhe seo. Creideann an fhoireann athbhreithnithe go bhfuil cumais agus nuálaíochtaí ag an chuid is mó de na hlonaid nua, nó b’fhéidir ag na hlonaid go léir, a bhaineann le dearadh nuálach agus cur i bhfeidhm éifeachtúil cúrsaí foghlama gairmiúla do mhúinteoirí agus ceannairí scoile.

## Easpa fianaise eimpírí

Cé go ndearna formhór na n-ionad tagairt d’fhianaise starógach chun dul chun cinn a gclár athstruchtúraithe a chur in iúl, tugadh faoi deara nár thug ionad ar bith fianaise eimpíreach le tacú leis an méid a bhí siad á mhaíomh. Cé gur éirigh leis an bhfoireann roinnt eolais a fháil maidir le dearcadh na mac léinn faoina gcláir ITE ón Suirbhé ar Rannpháirtíocht na Mac Léinn in Éirinn (ISSE), tá ábharthacht an ISSE teoranta ós rud é go bhfuil an ráta freagartha chomh híseal sin (féach Aguisín 5 le haghaidh tuilleadh eolais). Tá sé rithábhachtach le linn cur i bhfeidhm moltaí *Sahlberg 1* agus cur i bhfeidhm na moltaí a eascraíonn as an athbhreithniú seo go mbeadh fianaise níos iontaofa ann maidir leis an mbealach atá rudaí ag athrú i ndáiríre. Go dtí seo, tá eolas réasúnta teoranta ag an bhfoireann athbhreithnithe maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil taithí agus forbairt na mac léinn mar mhúinteoirí faoi oiliúint éagsúil óna raibh sé nuair a cuireadh i bhfeidhm na hathruithe ar dtús. Níl fianaise eimpíreach ag an bhfoireann athbhreithnithe ach an oiread maidir le cibé an ndéanann an taighde atá ar bun ag na foirme agus na mic léinn sna cláir ITE nua-athchumraithe aon difríocht, agus níl fianaise ar bith ann maidir leis an tionchar atá ag na cineálacha nua comhoibríthe ar fhoirne agus cláir in imeacht ama. Amharcann an fhoireann athbhreithnithe ar an easpa fianaise eimpíreach seo mar chonstaic thromhchúiseach ar gá aghaidh a thabhairt air gan mhoill.

## Bonn Láidir Taighde?

Mhol tuarascáil *Sahlberg 1* go mbeadh tairseach chriticiúil ag gach ionaid oideachais múinteoirí ó thaobh a gcumais taighde, agus mhaígh an tuarascáil freisin go leabófaí búnúis láidre taighde i ngach ionad de bharr na gcumraíochtaí nua. Éilíonn critéir leasaithe na Comhairle Múinteoireachta maidir le creidiúnú clár ITE go mbeadh foirne acadúla “gníomhach ó thaobh an taighde de agus go nglacfaidís príomhpháirt i gcomhshamhlú, déanamh, foilsiú agus maoirseacht taighde.” Chonaic an fhoireann athbhreithnithe fianaise inchreidte ar ghníomhaíocht taighde sna hionaid ITE ar fad a tugadh cuairt orthu. Tá an-dul chun cinn sa réimse sin déanta ag Institiúidí Ardoideachais a raibh cáilíochtaí dochtúireachta ag mionlach na foirne sé bliana ó shin agus tá staidéir dhochtúireachta déanta ag an gcuid is mó den fhoireann i ngach ionad anois.

Éilítear ar mhic léinn i ngach ionad roinnt taighde a dhéanamh. Cuireadh ar fáil samplaí de thráchtas taighde mac léinn i gcuid de na hionaid agus, in ionaid eile, cuireadh ar taispeántaí postaeir a chuir taighde na mac léinn i láthair. Cé go raibh taighde na mac léinn, a bhí ar ardchaighdeán, dírithe den chuid is mó ar oideolaíocht agus ar saincheisteanna eile a bhaineann leis an seomra ranga, ní raibh an fhoireann athbhreithnithe cinnte gur thuig na mic léinn chomh luachmhar agus a d’fhéadfadh cur chuige bunaithe ar thaighde a bheith ina ngairm mar mhúinteoirí amach anseo. Creideann an fhoireann athbhreithnithe go bhfuil sé tábhachtach, de réir mar a fheabhsaítear clár ITE trí thuilleadh taighde a bheith déanta ag na mic léinn agus na baill foirne, go mbeadh tuiscint chomhréireach agus aibí ag na mic léinn den tábhacht atá ag an taighde sa ghairm mhúinteoireachta, sula mbaineann siad a gcéim amach. Ina theannta sin, creideann an fhoireann athbhreithnithe, chun go mbainfí an toradh sin amach, gur gá cultúr na n-institiúid sin a chuíchóiriú chun go bhfaighidh mic léinn taithí phraiticiúil ar an taighde mar chuid den ghairm mhúinteoireachta seachas a bheith ag foghlaim faoin taighde amháin. D’fhéadfadh comhthionscadail taighde le múinteoirí ina n-institiúidí agus ina scoileanna socrúcháin an t-athrú cultúrtha sin a spreagadh.

## Leanúntas ITE ó na blianta tosaigh go dtí an breisoideachas?

Cuireann ionaid 1, 3 agus 4 ITE ar fáil i ngach réimse den oideachas do mhúinteoirí luath-óige, bunscoile, iar-bhunscoile agus breisoideachais. Ní chuireann ionaid 5 agus 6 (Corcaigh agus Gaillimh) ITE ar fáil do mhúinteoirí bunscoile<sup>2</sup>. Cé go gcuireann beagnach gach ionad ITE ar fáil i ngach réimse den oideachas múinteoirí, níor léirigh ach ionad amháin (Ollscoil Má Nuad) aon fhianaise shuntasach ar chaidreamh idir an fhoireann agus na mic léinn i ngach réimse ón oideachas luath-óige go dtí an mbreisoideachas agus an t-oideachas aosach. I gcás Ollscoil Má Nuad, chuala an fhoireann go bhfuil an caidreamh idir Roinn an Oideachais Aosaigh agus Pobail, a chuireann clár ITE ar fáil do mhúinteoirí atá i mbun breisoideachais agus oideachais aosaigh, agus na ranna eile (is é sin, luath-óige, bunscoile agus iar-bhunscoile), go bhfuil an caidreamh eatarthu ag forbairt agus gur chuir an caidreamh seo go mór le taithí foghlama na foirme agus na mac léinn cheana féin. In ionaid áirithe eile, cé gur thug an doiciméadú scríofa le fios go raibh clár ITE á gcur ar fáil do mhúinteoirí luath-óige agus/nó breisoideachais, ní raibh aon fhianaise dhíreach air sin le feiceáil i rith na gcuairteanna. In ionaid áirithe, níl ITE do mhúinteoirí luath-óige agus breisoideachais faoi choimirce na Scoile Oideachais agus is cosúil gur beag an caidreamh atá ann idir an fhoireann agus na mic léinn ag na leibhéil éagsúla, nó nach bhfuil caidreamh ar bith eatarthu. Cuireann an fhoireann athbhreithnithe béim ar an ngá atá ann go ndéanfadh na hionaid ar fad a chuireann ITE ar fáil plé ar naisc inbhuanaithe a chothú idir gach réimse den oideachas múinteoirí amach anseo, agus go bhfaighidís tacaíocht ó na húdaráis chun é sin a dhéanamh, fiú mura gcuireann gach ionad clár ag gach leibhéal ar fáil.

## Ceisteanna Rialachais

Aithníonn an fhoireann athbhreithnithe go bhfuil struchtúir nua rialachais agus bainistíochta, nó meabhráin comhaontaithe, curtha i bhfeidhm i ndiaidh comhairliúcháin leis an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) agus ROS sna hionaid ina bhfuil ionchorprú iomlán déanta (m.sh. Lárionad 1, 3 agus 6) nó sna hionaid ina mbíonn comhchéimeanna á mbronnadh (m.sh. Lárionad 5). Maidir le Lárionad 4 (Luimneach) tugann an fhoireann faoi deara go n-airítear leis an gCreatmholadh um bhunú NISE, sínithe ag na trí pháirtí in Aibreán 2014, bearta i leith rialachais. Ó thaobh mholtaí na tuairisce seo maidir leis na hionaid 2(a) TCD/MIE agus 2(b) UCD/NCAD, seans go mbeadh tuilleadh plé de dhíth maidir le struchtúir rialachais agus bainistíochta do na hionaid sin.

2 Má dhéantar dhá ionad ar leith d’Ionad 2, is é sin 2(a) and 2(b), ní chuirfeadh Ionad 2(b), is é sin UCD/NCAD, an leanúntas oideachais ar fad ar fáil.





# Moltaí maidir leis an bhforbairt bhreise ar struchtúr ITE in Éirinn

Rinneadh an t-athbhreithniú seo sé bliana i ndiaidh na chéad athbhreithniú ar struchtúr an Oideachais Tosaigh Múinteoirí (ITE) in Éirinn agus ba é an phríomhaidhm a bhí aige ná stad as reatha ITE a mheas i dtaca leis na moltaí i dtuarascáil *Sahlberg 1*. Rinneamar ár n-anailís trí chuairt a thabhairt ar na hinstiúidí ardoideachais a chuireann ITE ar fáil, agus leageamar béim ar leith ar mhéid na n-athruithe struchtúrtha agus cultúrtha a tharla ó 2012. Iarradh orainn tionchar na leasuithe teagaisc ar oideolaíocht agus ar thairbhí oideachasúil na mac léinn oideachais múinteoirí a chur san áireamh, tionchar na leasuithe ar chumas taighde sna hinstiúidí oideachais múinteoirí a mheas, agus naisc idir teoiric agus cleachtas ó thaobh dhearcadh na mac léinn de. Ina theannta sin, tugadh spreagadh dúinn tuairisciú faoi threoracha ITE in Éirinn amach anseo.

Ba mhaith linn meabhrú don léitheoir an fhís ar a bhunaigh an Painéal Athbheithnithe a chuid anailíse agus moltaí in 2012:

*"Is é an fhís atá ann do sholáthar ITE in Éirinn ná go mbeidh líonra instiúidí oideachais múinteoirí ag Éirinn faoi 2030, instiúidí atá bunaithe ar líon beag instiúidí oideachais múinteoirí atá inchomparáide go hidirnáisiúnta. Cuirfidh gach ceann de na hinstiúidí sin oideachas múinteoirí bunaithe ar thaighde ar fáil i dtimpeallacht spreagúil idirnáisiúnta, ag an leibhéal Máistreacht ar dtús nó trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Cuirfidh gach ceann seirbhísí breise forbartha gairmiúla ar fáil, ar an gcontanam ó luath-óige go dtí oiliúint inseirbhíse múinteoirí agus ceannairí."*

Is de réir na n-ionchas sin agus ár mionanailíse atá bunaithe ar fhianaise a bailíodh a dhéanaimid na moltaí seo a leanas i leith na n-institiúidí ardoideachais agus na n-údarás ardoideachais araon, chomh maith le cinnteoirí eile in Éirinn.

## Moltaí ginearálta

### 1. Ba chóir go mbeadh seacht n-ionad barr feabhais ITE in Éirinn

Moltar i dtuarascáil *Sahlberg 1* go gcuirfear ar bun sé ionad barr feabhais mar a luadh sa réamhrá. Bhí dul chun cinn dearfach i dtreo na sprice sin feicthe againn ar ár gcuariteanna ar ionaid, taobh amuigh d'eisceacht amháin. Níl an t-ionad nua idir TCD, MIE, UCD agus NCAD curtha ar bun de réir mar a bhí molta. Bunaithe ar ár dtuairimí agus ár gcomhráite leis na páirtithe leasmhara go léir le linn na gcuariteanna ar ionaid, molaimid gur chóir d'údarás ardoideachais leanúint ar aghaidh agus cur leis (mar atá sonraithe thíos) an tacaíocht theicniúil agus an tacaíocht airgeadais do na cúig ionad barr feabhais atá molta, taobh amuigh den lárionad beartaithe TCD/MIE/UCD/NCAD. Maidir leis an lárionad sin, molaimid gur chóir é a fhorbairt mar dhá lárionad neamhspleách le TCD agus MIE mar cheann amháin, agus UCD agus NCAD mar cheann eile.

Sna seacht ionad barr feabhais ITE in Éirinn go léir, ba chóir go mbeadh an príomhfhócas ar réimse comhleanúnach soláthair ITE ó oideachas luath-óige do mhúinteoirí go dtí ullmhúchán múinteoirí d'aosach agus ardoideachais. Molaimid chomh maith go ndéanfar é seo trí chur chuige oideachais múinteoirí atá bunaithe ar thaighde a neartú, cáilíocht oideolaíochta agus an teagaisc ar fud na gclár éagsúil, cruthú de naisc chomhleanúnacha idir teoiric agus cleachtas, agus leathnú idirnáisiúnta an ITE, lena n-áirítear mic léinn agus bail foirne acadúla. Ina theannta sin, molaimid go dtugtar MIE isteach faoi chúram an ÚAO ar nós na soláthraithe ITE go léir eile agus go neartóidh MIE a thaighde agus a chuid comhoibrithe eile le TCD sna blianta amach anseo. Mar atá léirithe níos luaithe sa tuarascáil seo, seans go mbeadh struchtúir rialachais agus bhainistíochta iomchuí de dhíth sna lárionaid ina bhfuil a leithéid de struchtúr in easnamh faoi láthair.

### 2. Ó leasuithe go dtí córas ITE atá forbartha a thuilleadh

Le fiche nó tríocha bliain anuas tá an-tionchar ag leasuithe éagsúla ar an earnáil ardoideachais agus go háirithe ar oideachas múinteoirí. Is é tuairim ginearálta an athbhreithnithe seo ná go bhfuil sé in am anois dul ar aghaidh ón 'chéim leasúcháin' in ITE go dtí 'tuilleadh forbartha' a dhéanamh ar oideachas múinteoirí in Éirinn. Tugtar treoir dó sin ag na straitéisí ardoideachais náisiúnta agus pleananna forbartha na n-ollscoileanna féin atá ag teacht le nádúr thuarascáil *Sahlberg 1*. Inár dtuairim, anois go bhfuil na leasuithe struchtúrtha curtha i gcrích agus tá níos lú grúpaí oideachais múinteoirí cruthaithe, grúpaí atá níos láidre agus atá ag feidhmiú ag leibhéal níos airde, ba chóir go mbeadh an chéim leasúcháin i leith na n-institiúidí sin, a bhain na spriocanna níos luaithe amach, críochnaithe go ceann scaithimh.

Molaimid gur chóir go mbeadh sé mar aidhm ag údaráis ardoideachais agus lucht déanta beartas eile córas féinfheabhsaithe proifisiúnta ITE a chruthú in Éirinn, córas ina mbeadh tuilleadh neamhspleáchais ag na hionaid barr feabhais ó riarachán lárnach ag léibhéal an stáit agus ina mbeadh comhoibriú feabhsaithe acu lena chéile. Chiallódh sé sin, mar shampla, go n-aimseodh ionaid oideachais múinteoirí ar fud an chórais bealaí nua chun oibriú as lámha a chéile, go nglacfaidís páirt dheonach i bpiarmheasúnú trí mhionscrúdú a dhéanamh ar obair na n-ionad eile, agus go gcruthóidís comhaontais i réimsí oideachais múinteoirí atá rithábhachtrach chun déileáil le ceisteanna soláthair agus éilimh nó cineálacha eile d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach i scoileanna.

### 3. Oair mhaith a aithint agus tacaíocht a thabhairt do na hinstiúidí ar gcáir leo

Mar atá luaithe thuas, chuaigh an tiomantas do ITE in Éirinn go mór i bhfeidhm orainn, chomh maith leis an méid oibre atá déanta ó 2012 agus roimhe sin. I gcásanna áirithe, ní raibh an cumasc ná an t-ionchorprú beartaithe éasca agus bhí uaireanta taistil de dhíth agus caitheadh go leor ama i gcuinnithe chun teacht ar na bealaí is fearr chun tosaigh. Chualamar go minic go raibh an próiseas i dtreo comhoibriú níos dlúithe idir na hinstiúidí go léir i bhfad ní b'fhiúntaí ná mar a bhí daoine ag súil leis i dtosach. Dúradh linn, beagnach gan eisceacht, gur thaithí dearfacha iontu féin iad a bheith ag smaoinreamh níos leithne faoi do chuid oibre féin agus a bheith ag ceapadh faoi chomhoibriú nua. Is fiú a lua go raibh an-tábhacht ag baint leis an tacaíocht airgeadais shuntasach ón ÚAO agus ROS do na hinstiúidí chun cur i bhfeidhm oibríochta na n-athruithe pleanáilte a chinntiú, cosúil le hInstitiúid an Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU). Le linn na gcuariteanna ar lárionaid, chualamar go leor ráiteas maidir leis an easpa aitheantais atá tugtha do dhul chun cinn nó obair mhaith atá déanta sna lárionaid éagsúla. Mar sin, molaimid gur chóir d'údaráis ardoideachais a gcuid aiseolais a thabhairt in am trátha agus é a thabhairt go leanúnach do na hionaid barr feabhais, go háirithe nuair atá fáthanna ann chun an obair mhaith a aithint go poiblí. Mura dtugtar aitheantas d'éachtaí ar bhealach dearfach, d'fhéadfaí go bhforbrófaí neamhshuim agus neamhchúram sna lárionaid agus d'fhéadfadh drochthionchar a bheith acu ar an dul chun cinn dearfach ar fad atá déanta in Éirinn. Moltar chomh maith go dtugann na heagríochtaí oifigiúla, ar nós an ROS, an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an ÚAO, na hainmneacha nua ar na heagríochtaí oideachais múinteoirí nua ina gcuid cumarsáide go léir. Bheadh sé deacair ar na lárionad nua oideachais múinteoirí aitheantas a bhaint amach dá n-ainmneacha branda nua mura ndéantar é seo.

### 4. Dreasaíochtaí a chruthú do na hionaid barr feabhais chun a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach níos luaithe

Is féidir athrú a luathú go suntasach trí dhreasaíochtaí cliste, idir chinn neamhábharaacha agus ábharaacha araon. Is iad na daoine a bhfuil an chumhacht ó thaobh acmhainní agus airgid de acu, de ghnáth, a bhíonn in ann dreasaíochtaí a chur ar fáil chun freastail ar athruithe beartaithe. Le linn na gcuariteanna ar lárionaid ní raibh an fhoireann in ann a chinntiú cibé acu an bhfuil dreasaíochtaí seachtracha reatha ann atá maith go leor do na hionaid barr feabhais chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ghnéithe tábhachtacha ITE. Mar shampla, chonaiceamar iarrachtaí maithe i roinnt ionad barr feabhais chun na naisc idir oideachas múinteoirí réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile a dhéanamh níos soiléire do mhic léinn agus taighdeoirí, ach ní raibh aon dreasaíochtaí sheachtrach ar fáil dóibh chun na hiarrachtaí sin a leabú na a fheabhsú. Cuireadh i bhfeidhm orainn chomh maith nach bhfuil ról le himirt, i ndáiríre, i measc na soláthóirí ITE ag an méid measartha mór airgid (meastar go bhfuil idir 40 go 50 milliún euro in aghaidh na bliana i gceist<sup>3</sup>) a infheistítear i bhforbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí agus ceannairí scoile in Éirinn. Molann an fhoireann gur chóir do na húdaráis agus na hollscoileanna a óstálann na hionaid barr feabhais dreasaíochtaí níos feara a chruthú do na lárionaid sin ionas gur féidir leo a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach níos tapúla. Mar shampla, d'fhéadfaí cuid den chaiteachas bliantúil ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) a dháileadh ar na hollscoileanna nó na hionaid barr feabhais trí scéim maoinithe iomaíoch a bheadh ar thóir réitigh úra nuálacha ó na hollscoileanna chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thionchar an tsoláthair CPD. Tá sé chomh tábhachtach céanna nach n-úsáideann na húdaráis oideachais a gcuid cumhachta trí chláir nua a mhaoiniú ar bhealach a bheadh i gcoinne na bprionsabal maidir le hobair mhaith a chúiteamh, díreach mar a tharla i gcás maoiniúcháin na gclár nua ITE trí mhéan na Gaeilge nó na tionscadail taighde eile ar iarradh tairiscintí ó na hinstiúidí ITE a luadh níos luaithe sa tuarascáil seo ina leith.

3 In 2017, áiríodh leis an gcaiteachas ROS ar CPD €27.9m ar Chostais Cláir CPD, €20.6m ar thuarastal an phearsanra ar iasacht chun CPD a sholáthar agus €5.8m ar chostais ionadaithe le haghaidh freastail rannpháirtithe ag CPD.

## 5. Tuilleadh béime a leagan ar thuiscint ITE atá bunaithe ar thaighde i measc oideoirí múinteoirí agus mac léinn

Leagadh béim láidir i *dtuarascáil Sahlberg 1* ar ITE a bhunú ar thaighde. Ciallaíonn sé sin, i measc rudaí eile, go bhfuil cultúr taighde ar leith san oideachas múinteoirí agus go bhfuil na baill foirne ar an eolas faoi thaighde comhaimseartha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus go bhfuil siad rannpháirtíoch go gníomhach i dtaighde ar ábhair chriticiúla oideachais agus oideachais múinteoirí. Is suntasach é an mana a luaitear go minic: *"Déanaimid taighde ar a mhúinimid agus múinimid an méid ar a ndéanaimid taighde"*. Cinnte, ba chóir go mbeadh gach mac léinn ITE rannpháirtíoch go gníomhach i dtaighde ar a chuid cleachtais féin, i mbun machnaimh faoi agus i mbun feabhsúcháin leanúnach ar a theagasc dá réir. Laistigh den chultúr oideachais múinteoirí seo atá saibhir ó thaobh an taighde de, ní hamháin go bhfoghlaimeoidh na mic léinn faoi thaighde oideachasúil ach foghlaimeoidh siad chomh maith faoi conas smaoineamh go neamhspleách agus le chéile mar thaighdeoirí. Chonaic agus chuala an fhoireann athbhreithnithe go leor fianaise a thugann le fios go bhfuil gníomhaíochtaí mar sin á gcothú san ITE. Ach chualamar ó mhic léinn nach raibh tuiscint iontach soiléir acu maidir le cén fáth ar cheart dóibh a bheith eolach ar scileanna taighde agus ábalta iad a úsáid ina gcuid oibre mar mhúinteoirí scoile. Molann an fhoireann, mar sin, go ndéanfadh na hionaid barr feabhais go léir iarrachtaí breise laistigh dá gcláir agus cúrsaí chun a chinntiú go bhfuil tuiscint mhaith ag na mic léinn go léir, roimh bhaint amach a gcéimeanna, ní hamháin ar conas taighde a léamh agus a dhéanamh ach faoi conas smaoineamh mar thaighdeoirí agus iad i mbun oibre i nó le scoileanna agus an tábhacht a bhaineann leis.

## 6. Lean sa thóir ar shineirgí trí chláir agus cúrsaí céime

Cuireann roinnt forbairtí comhoibrithe le déanaí laistigh de agus ar fud na n-ionad barr feabhais deis iontach ar fáil do na lárionaid chun dea-chleachtas a roinnt agus a scaipeadh thar ghnéithe éagsúla na gclár ITE. D'fhéadfaí go n-áireofaí leis sin cleachtais oideolaíocha nuálacha a roinnt, úsáid chruthaitheach teicneolaíochtaí, agus foilsíú agus scaipeadh acmhainní nua do mhic léinn ITE agus do scoileanna. Molaimid go gcuirfear ar fáil dreasachtaí chun sineirgí dá léithéid a spreagadh idir na lárionaid éagsúla sna blianta amach anseo chun a chinntiú nach gcuirfear am agus iarracht amú le rud a dhéanamh atá déanta cheana féin in áit éigin eile.

## 7. Socrúchán scoile a athshamlú mar chuid de struchtúr ITE

Is gné riachtanach den ITE in Éirinn é socrúchán scoile. Tá an-mheas ag soláthróirí air agus feictear air go forleathan mar chuid chabhrach chun an teagasc mar atá i ngairm na múinteoireachta a thaispeáint do mhic léinn. Chualamar léirithe iontacha ó mhic léinn faoi conas is féidir le socrúchán i dtimpeallacht mar atá an pictiúr iomlán a athrú maidir le cad is múinteoir ann agus cad atá de dhíth chun a bheith i mhúinteoir. Chualamar chomh maith go raibh imní ar roinnt mac léinn faoina dtaithe socrúcháin agus cé chomh deacair is atá sé ar roinnt soláthróirí ITE a chinntiú go bhfuil an taithe i scoileanna tairbheach an t-am ar fad agus go bhfuil an taithe luachmhar do na mic léinn ó thaobh gairme agus foghlama de. Aithnímid go gcuireann na socrúcháin reatha scoile struchtúrtha agus bainteach le polasaí, atá mar chuid den ITE in Éirinn, áit ar fáil d'fhormhór na mac léinn inar féidir leo fíorthuiscint a fháil ar shaol na scoile agus teagasc a chleachtadh i dtimpeallachtaí sábháilte agus tacúla. Níl aon ghealltanais ann, áfach, mar gheall ar an méid mór scoileanna agus múinteoirí a bhíonn páirteach sna socrúcháin gach bliain, go mbíonn taithe foghlama i dtimpeallachtaí atá stiúrtha go cliniúil ag gach aon mhac léinn, gan eisceacht. Mar sin, molaimid go gcuirfidh an ROS, mar aon leis na húdaráis chuí agus na seacht n-ionad barr feabhais, tús le hathbhreithniú ar an gcleachtadh reatha socrúcháin; agus, bunaithe air sin, go ndéanfaidís na hathruithe riachtanacha ar pholasaí, maoiniúcháin agus cleachtas chun gnéithe practiciúla ITE a thabhairt níos gaire do na hollscoileanna. Molaimid chomh maith gur chóir do dhá nó trí lárionad na socrúcháin riachtanacha a dhéanamh chun scoil nó scoileanna oiliúna múinteoirí cliniúil/cliniciúla a chomhtháthú ina ngnáthoibriúcháin. Dá bharr sin, bheadh cuid shuntasach den oiliúint phraticiciúil atá curtha ar fáil faoi láthair ag na scoileanna socrúcháin á cur ar fáil ag na scoileanna oiliúna cliniúla seo atá faoi stiúir na n-ollscoileanna. D'fhéadfadh dul chun cinn den chineál sin a thabhairt isteach ar bhonn píolótach ar an gcéad dul síos, agus ba chóir go n-áireofaí taighde leanúnach faoina thionchar ar oideachas múinteoirí taighdebhunaithe leis sin, chomh maith le measúnú ar chaighdeán thorthaí na mac léinn ITE.

## 8. Córas ísealchostais, bunaithe ar institiúid a chruthú chun monatóireacht a dhéanamh ar dul chun cinn agus tuilleadh forbartha ITE in Éirinn

Bheadh sonraí sistéamacha bailithe ó na soláthróirí ITE de dhíth ionas gur féidir leis an bhfoireann athbhreithnithe freagraí iontaoifa a thabhairt ar an gcuid is mó de na ceisteanna a cuireadh air. Déantar an Suirbhé ar Rannpháirtíocht na Mac Léinn in Éirinn (ISSE) go bliantúil ach, de ghnáth, bíonn na rátaí freagartha ró-íseal chun teacht ar aon tátail iontaoifa (Aguisín 5). Molann an fhoireann athbhreithnithe go ndearann na hionaid ITE go léir gléas suirbhéireachta le chéile chun cabhrú le monatóireacht ar dhul chun cinn agus tuilleadh forbartha ITE in Éirinn. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina shuirbhé bliantúil nó leathbhliantúil a bheadh dírithe ar ghnéithe riachtanacha d'fhorbairt ITE in Éirinn, lena n-áirítear taithí na mac léinn agus iad ag forbairt i múinteoireacht, tionchar taighde mar chuid de ITE, éifeachtúlacht na hoiliúna praiticiúla, ábharthacht na hoideolaíochta a úsáidtear i dteagasc agus foghlaim, gan ach roinnt bheag a lua. Agus na sonraí sin ar fáil, ba cheart gur féidir comparáidí trasinstitiúide a dhéanamh agus anailís ar an dul chun cinn atá déanta in imeacht ama i ngach aon lárionad.

### Moltaí dírithe ar lárionad ar leith

**Lárionad 2:** I ndiaidh don Fhoireann Athbhreithnithe cuairt a thabhairt ar an gceithre shuíomh go léir, an cháispéisíocht go léir a cuireadh ar fáil a léamh agus an chumraíocht athbhreithnithe a mhol na ceithre ionad a phlé, glacann an fhoireann le loighic na hargóinte a cuireadh chun tosaigh agus molann sé go n-aithnítear dhá lárionad ar leith anseo, is é sin Ionad 2a – TCD agus MIE; agus Ionad 2b – UCD agus NCAD. Tá caidreamh oibre dearfach idir TCD agus UCD, tá clár uailmhianach ar leith ag an dá cheann acu i gcomhair fhorbairt a Ranna Oideachais nach bhfuil comhoibriú ar sholáthar na gclár ITE san áireamh leis. (Tá roinnt comhoibriú taighde idir UCD agus NCAD, áfach). Moltar gur chóir taighde agus comhoibriú eile a leathnú agus a fhorbairt. Ba chóir machnamh a dhéanamh ar fhorbairt na struchtúr rialachais agus bainistíochta, struchtúir a éascóidh níos mó comhoibrithe idir lárionad 2(a) agus 2(b).

Maidir le hIonad 2a, is é MIE an t-aon soláthróir amháin ITE a fhaigheann maoiniú go díreach ón ROS. Aistríodh na coláistí eile chuig an ÚAO ar mhaithe le maoiniú agus riarachán blianta ó shin. I gcomhthéacs thorthaí an athbhreithnithe seo, tá sé molta go bhfuil sé in am anois dul i ngleic leis an neamhréir sin. Mar sin, molann an fhoireann go gcuirfead MIE faoi chúram an ÚAO mar atá na soláthróirí ITE go léir eile agus go neartóidh MIE a thaighde agus comhoibriú eile le TCD sna blianta amach anseo.

**Lárionad 4:** Molaimid go n-aithneofaí Coláiste Mhuire gan Smál (MIC) mar sholáthróir neamhspleách clár ITE do mhúinteoirí luath-óige, bunscoile agus iar-bhunscoile. Leanfaidh Ollscoil Luimnigh (UL) de chlár ITE chomhthráthacha agus comhleanúnacha a chur ar fáil do mhúinteoirí iar-bhunscoile agus deimhniú acadúil a chur ar fáil do chlár MIC. Tagann ceisteanna chun cinn mar gheall ar an athchumraíocht mholta i Luimneach maidir le comhsheasmhacht na socrúithe foirne ar fud na hearnála agus caithfead dul i ngleic leo. Tá MIC agus UL (mar aon le LIT) tiomanta don chomhoibriú mar a bhí beartaithe go foirmiúil sa doiciméad bunaidh NISE a shínigh na trí institiúid (MIC, UL agus LIT) in Aibreán 2014. Leagtar amach sa doiciméad seo bainistíocht rialachais agus stuchtúir don lárionad seo.

**Lárionad 6:** Molaimid go dtugtar aird ar leith agus tacaíocht don phróiseas corpraithe Ollscoil na hÉireann Gaillimh/Coláiste san Aingeal chun na moltaí ó thuarascáil *Sahlberg 1* a chur i bhfeidhm go hiomlán, agus chun ionchorprú Choláiste san Aingeal in OÉ Gaillimh a thabhairt chun críche, go háirithe chun ceisteanna dlíthiúla a bhaineann leis an gcumasc a shocrú.

## Ceisteanna breise

Tá na moltaí thuas déanta againn ionas gur féidir iad a chur i bhfeidhm go láithreach. Le linn na gcuartheanna ar ionaid agus le linn na n-agallamh le baill foirne agus mic léinn, tháinig tuarimí eile chun cinn agus liostaítear iad thíos lena mbreathnú.

### a) Lárionaid Foghlama agus Teagaisc san Ardoideachais a chur chun cinn

Tá lárionad ag gach ollscoil anois chun tacú le foghlaim agus teagasc san ardoideachas. Bhí siad bunaithe agus maoinithe ar an gcéad dul síos faoi scéimeanna Tionsnamh Spriocdhírthe an Údaráis um Ard-Oideachas sna 1990idí agus go luath sna 2000idí. Tugtar le fios sna measúnaithe gur éirigh go han-mhaith le tromlach na lárionad agus iad ag comhtháthú a bhfeidhm le codanna eile na n-ollscoileanna. Molaimid go mbeadh áit bhuan ag foghlaim ghairmiúil agus forbairt na múinteoirí ardoideachais i straitéis náisiúnta oideachais múinteoirí in Éirinn, agus go háirithe in iarrachtaí leanúnacha na n-ollscoileanna féin chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar oideachas múinteoirí mar chuid dá bpríomhfheidhmeanna.

### b) Léibhéal Cáilíochta na gclár ITE

Cé go bhfuil na clár ITE go léir ceithre bliana ar fad ar a laghad (240 creidiúint ECTS - an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna), bronntar roinnt clár ag léibhéal Baitsiléara (léibhéal 8) agus roinnt dóibh ag léibhéal Máistreachta (Leibhéal 9). Sna clár chomhthráthacha do mhúinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile faightear céim Bhaisiléara agus sna clár consecutive bronntar céim Mháistreachta. B'fhiú smaoineamh anois ar chóir léibhéal Máistreachta a bhronnadh ar na cáilíochtaí (bunscoil agus iarbhunscoil) ITE go léir.

### c) Idirnáisiúnú

Is príomhghné d'aroidheachais ar ardchaighdeán an lae inniu é idirnáisiúnú. Ba chóir idirnáisiúnú a thuiscint go leathan ionas go gcuirfear saol campais a chuireann baill foirne agus mic léinn ar an eolas faoi chultúir agus traidisiúin acadúla tíortha eile san áireamh. Caithfear soghluaisteacht chómhaltach a chur san áireamh, rud a chuireadh le taithí foghlama na mac léinn agus múinteoirí agus iad i dtíortha eile. Sa chomhthéacs sin, is iomchuí plé a dhéanamh ar iarrachtaí na hÉireann chun an ITE a idirnáisiúnú. Chonacthas don fhoireann athbhreithnithe gur fhan na figiúirí maidir le soghluaiseacht na mac léinn ag imeacht ag léibhéal réasúnta íseal ón athbhreithniú a rinneadh roimhe sin in 2012. Chualamar go dtarlaíonn sé seo, mar an gcéanna le go leor tíortha Eorpacha eile, de thoradh dhearadh ar leith an staidéir chéime in institiúidí oideachais múinteoirí in Éirinn, dearadh atá sách dúshlánach. Chualamar ó mhic léinn nach n-aithnítear creidiúintí a thuilleadh ag ollscoileanna thar lear go hiomlán is go huathoibríoch nuair a fhilleann na mic léinn ar a n-ollscoil nó a gcoláiste féin i gcásanna áirithe.

Toisc go mbítear ag súil le léibhéal áirithe soghluaiseachta i measc mac léinn agus ball foirne mar chuid den straitéis náisiúnta idirnáisiúnaithe na hÉireann, agus go bhfuil sé mar aidhm ag an gCoimisiún Eorpach go mbainfeadh 20% de mhic léinn céim amach le cinéal éigin taithí idirnáisiúnaithe ina gcéimeanna, molaimid go ndéanann na húdaráis, i gcomhoibriú leis na seacht lárionad, bearta breise chun idirnáisiúnú a chur i bhfeidhm mar rogha réalaíoch do gach mac léinn ITE. Is fiú a lua nach fadhb Éireannach amháin é easpa soghluaiseachta mac léinn; tá dúshlán den chineál céann ag an gcuid is mó de na hinstitiúidí ITE ar fud an Aontais Eorpaigh.

### d) Soláthar Príobháideach Oideachais Tosaigh Múinteoirí

Le linn ár bplé, bhí an fhoireann athbhreithnithe ar an eolas gur soláthróir suntasach é Hibernia College, ar soláthróir príobháideach nach bhfaigheann maoiniú stáit é, den oideachas tosaigh múinteoirí do mhúinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile. Bhí ceist soláthair phríobháidigh ITE taobh amuigh de thearmaí tagartha agus raon na hathbhreithnithe seo, áfach. Molaimid, áfach, athbhreithniú sa bhreis a dhéanamh ar Hibernia agus a thionchar ar ITE agus d'fhéadfaí ach go háirithe ceisteanna soláthair agus éilimh múinteoirí a chur san áireamh.

# Aguisín 1 - Téarmaí Tagartha



Sa tuarascáil ón bhliain 2012, *Tuarascáil an Phainéil Athbhreithnithe Idirnáisiúnta ar Struchtúr an tSoláthair Oideachais Tosaigh do Mhúinteoirí in Éirinn* (ar a dtugtar an tuarascáil Sahlberg), dúradh “nach mór d’Éirinn tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i bhfeabhsúchán leanúnach chaighdeán an teagaisc, ról an taighde in oideachas múinteoirí, agus comhoibriú idirnáisiúnta i ngach ceann dá hinstiúidí oideachais múinteoirí”. Chun na haidhmeanna seo a bhaint amach, is príomhriachtanas é go mbeidh scála dóthanach sa tírdhreach instiúideach ann chun forbairt a dhéanamh ar phobail ghairmiúla níos mó a bhfuil eolas agus scileanna níos éagsúla acu chun cruthaitheacht agus nuálaíocht a aimsiú ar mhaithe le tuilleadh feabhsúcháin. Dá réir sin, moladh sa tuarascáil aistriú a dhéanamh i soláthar oideachais múinteoirí ó 19 instiúid go sé “ionad oideachais múinteoirí” nua. Ciallaíonn an comhoibriú nua molta ag an bpainéal idirnáisiúnta go mbeadh líon níos lú lárionad oideachais múinteoirí ann, ach go mbeadh gach lárionad ag cur oideachas ar fáil thar raon oideachais múinteoirí - ó luath-óige go bunscoil, go hiar-bhunscoil, go hoideachas aosach. Bheadh tairseach chriticiúil ó thaobh cumas taighde ag na lárionaid oideachais múinteoirí, ionas go mbeadh láithreacha láidre taighde buanaithe i ngach aon lárionad.

Ó 2012, tá forbairt shuntasach déanta sa chreat foriomlán polasaí oideachais ina n-oibríonn oideachas tosach múinteoirí (ITE) in Éirinn. Áirítear leis seo dearadh curaclam nua, cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta um Litearthacht agus Uimhearthacht; athruithe ar na cáilíochtaí atá de dhíth do mhúinteoirí sa bhreisoidiachas; foilsíúchán an Ráitis Bheartais Oideachais STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic), Straitéis na Teangacha lasachta, Straitéis Náisiúnta Scileanna agus Straitéis Dhigiteach do Scoileanna, i measc rudaí eile. Bhí an Chomhairle Mhúinteoireachta taobh thiar d’fhorbairtí tábhachtacha eile, lena n-áirítear creidiúnú de agus athbhreithniú ar na cúrsaí Oideachais Tosaigh Múinteoirí go léir faoi Chritéir agus Treoirínte socraithe, atá anois ina chéim athbhreithnithe eile. I dtuarascáil an Ghrúpa Oibre Theicniúil faoi sholáthar múinteoirí a tháinig amach le déanaí, déantar iarracht feabhas a chur ar chomhleanúnachas iomlán na pleanála i leith an lucht oibre múinteoireachta ar fud na hÉireann agus tá sé thar a bheith bainteach leis an athbhreithniú seo.

San Ardoideachas, tá sraith chuimsitheach leasuithe bunaithe ar an Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go 2030 curtha i bhfeidhm. I measc na leasuithe atá ábharach ach go háirithe, bhunaigh an Rialtas an Creat Feidhmíochta don Chóras Ardoideachais, tharla comhrá straitéiseach idir na hInstitiúidí Ardoideachais agus an ÚAO, ar síneadh comhshocruithe ar leith mar gheall air, rinneadh leasú ar an múnla maoiniúcháin agus bunaíodh tacaíochtaí maoiniúcháin atá dírithe ar leasuithe tosaigh san Ardoideachas.

Is de bharr na rudaí thuas go bhfuil an ÚAO, ar iarratas ón Roinn Oideachais agus Scileanna, i mbun athbhreithnithe faoi láthair ar dhul chun cinn na leasuithe ó 2012 chun cur leis an gcéad chéim leasúcháin eile ar Oideachas Tosaigh Múinteoirí.

## Téarmaí Tagartha

1. Stádas reatha oideachais tosaigh múinteoirí in Éirinn a mheas agus tagairt á déanamh do na moltaí atá leagtha amach i dtuarascáil Sahlberg 2012. Ba chóir go ndíreofaí, ach go háirithe, ar réimse na n-athruithe struchtúrtha agus chultúrtha a tharla ar fud na hInstitiúidí Ardoideachais mar a aithníodh i dtuarascáil 2012;
2. Tionchar na leasuithe ar chaighdeán teagaisc ar oideolaíocht agus ar eolas ábhair oideolaíochta agus ar thairbhí oideachais na mac léinn in Oideachas Tosaigh Múinteoirí a phlé;
3. Tionchar na leasuithe ar chumas taighde sna hInstitiúidí Ardoideachais agus na naisc idir taighde agus teagasc agus foghlaim na mac léinn Oideachais Tosaigh Múinteoirí a mheas;
4. Treo struchtúr an oideachais tosaigh múinteoirí in Éirinn amach anseo a scrúdú agus moltaí a dhéanamh ina leith, ag féachaint do na haidhmeanna agus téarmaí bunaidh i dtaca leis an athbhreithniú in 2012, torthaí intomhaiste sa ghearrthearma agus mhéantearma a aithint.

Mar aon leis seo, d’fhéadfaí go mbeadh an léirmheastóir ag iarraidh tuairimí a chur ar fáil ar cheisteanna a bhaineann le hoideachas múinteoirí a thagann chun cinn le linn na hathbhreithnithe. D’fhéadfadh, mar shampla, rochtain ar chlár ITE, soghluaiseacht mac léinn nó athruithe sa chóras oideachais i gcoitinne a bheith san áireamh leis seo.

Déanfar an athbhreithniú san Earrach/go luath sa Samhradh 2018 agus cuirfear deireadh leis nuair a sheolfar tuarascáil chuig an ÚAO agus an Aire. Áireofar cuairteanna lárionaid chuig na hInstitiúidí ardoideachais iomchuí.

# Aguisín 2 – Cláir Oibre do na Cuairteanna Suíomhanna

# Coláiste san Aingeal, Sligeach, OÉ Gaillimh agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo (GMIT)

Dé Luain 30 Aibreán 2018

## Lucht Freastail

An tOll. Pasi Sahlberg, Léirmheastóir Stiúrtha

An tOll. Áine Hyland, Cathaoirleach Seisiúin

Valerie Harvey, Uasal, Ceann Meastóireachta Feidhmíochta, ÚAO

Sarah Fitzgerald, Uasal, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, ÚAO

## Lucht Freastail – OÉ Gaillimh, Coláiste san Aingeal, IT na Gaillimhe-Maigh Eo

Liostaítear thíos

## Clár Oibre

<b>Cuairt ar Shuíomh</b>	Coláiste Oideachais Naomh Angela, Sligeach
<b>08.45</b>	Tae/Caife
<b>08.55</b>	Fáilte ó hUachtarán an Choláiste, an Dr. Anne Taheny, I láthair: An tSr. Marianne O'Connor, Stiúrthóir an Bhoird, an tOll. Gerry Mac Ruairc, Ollamh le hOideachas, OÉ Gaillimh, Fiona Crowe, Ceann Oideachais, Coláiste san Aingeal agus Amanda Mc Cloat, Ceann Eacnamaíocht Baile.
<b>09.00</b>	Cur i láthair (30 nóiméad) ó Cheann Oideachais, Fiona Crowe agus Ceann Eacnamaíocht Baile, Amanda Mc Cloat. I láthair: An Dr. Anne Taheny, Uachtarán, an tSr. Marianne O'Connor, Stiúrthóir an Bhoird, an tOll. Gerry Mac Ruairc, Ollamh le hOideachas, OÉ Gaillimh, Fiona Crowe, Uasal, Ceann Oideachais, Coláiste san Aingeal agus Amanda Mc Cloat, Uasal, Ceann Eacnamaíocht Baile. An Dr. Michael Duignan, Coláiste san Aingeal, an Dr. Louise Mylotte, Coláiste san Aingeal, an Dr. Mairead Conneely, Coláiste san Aingeal, an Dr. Richeal Burns, Coláiste san Aingeal, an Dr. Eileen Kelly-Blakeney, Coláiste san Aingeal agus Helen Maguire, Uasal, Coláiste san Aingeal, an Dr. Cornelia Connolly, OÉ, Gaillimh, an Dr. Tony Hall, OÉ, Gaillimh,
<b>09.30</b>	Turas Campais á stiúradh ag Aontas na Mac Léinn chun bualadh le mic léinn agus Gníomhaíochtaí/Ceardlanna/Taispeántais éagsúla srl a fheiceáil.
<b>10.30</b>	Taisteal go OÉ Gaillimh
<b>13.00</b>	OÉ Gaillimh a bhaint amach

---

**13.15** Lón Oibre, OÉ Gaillimh. (Seomra Bia an Uachtaráin, Cearnóg)

I láthair: An tOll. Pól Ó Dochartaigh, Caroline Loughnane, Uasal, (Rúnaí Acadúil, OÉ Gaillimh), an tUas. Tomás Ó Siocháin (Clár bhainisteoir Rannpháirtíochta Seachtraí, OÉ Gaillimh), an tUas. John Gill (Príomhoifigeach Oibriúcháin, OÉ Gaillimh), an tOllamh Gerry Mac Ruairc, (Ceann na Scoile, Oideachas OÉ Gaillimh). An Dr. Michael Hannon, (Clár itheoir GMIT), an tUas. Dermot O’ Donovan, (Ceann Ionad Barr Feabhais Náisiúnta um Dhearadh Troscaín agus Teicneolaíocht, GMIT Leitir Fraic) an Dr. Pauline Logue Collins, GMIT, an Dr. Anne Taheny, Uachtarán Choláiste san Aingeal, Fiona Crowe, Uasal, Ceann Oideachais, Coláiste san Aingeal agus Amanda Mc Cloat, Uasal, Ceann Eacnamaíocht Bhaile.

---

Cruinniú ag OÉ Gaillimh, Seomra Bia an Uachtaráin (NUIG/STAC/GMIT) – Focail Tosaigh

---

**13.20** Dul chun cinn a rinneadh ó Athbhreithniú (Sahlberg I) 2012 agus an freagra ar an tuarascáil cúlra

- ▶ réimse na n-athruithe struchtúrtha agus chultúrtha a tharla ar fud na nInstitiúidí Ardoideachais mar a aithníodh i dtuarascáil 2012;
- ▶ tionchar na leasuithe ar chaighdeán teagasc ar oideolaíocht agus ar eolas ábhair oideolaíochta agus ar thaithe oideachais na mac léinn in Oideachas Tosaigh Múinteoirí;
- ▶ tionchar na leasuithe ar chumas taighde sna nInstitiúidí Ardoideachais agus na naisc idir taighde agus teagasc agus foghlaim na mac léinn Oideachais Tosaigh Múinteoirí.

---

**14.05** Nótaí deiridh

---

**14.15** Deireadh an chruinnithe

---

**14.15** Cuairt lárionaid OÉ Gaillimh Foirgneamh Oideachais D102 – Cur i láthair (20 nóiméad) leis an Ollamh Gerry Mac Ruairc, Cuir i láthair na mac léinn (20 nóiméad) Scoil Oideachais OÉ Gaillimh Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (PME) agus Máistir Gairmiúil San Oideachas (MGO)

I láthair: Foireann acadúil, riaracháin agus theicniúil Scoil an Oideachais, (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh), foireann ó Rannóg Oideachais Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo Leitir Fraic agus ó Choláiste Oideachais San Aingeal. Mic léinn ó na cláir oideachais tosaigh múinteoirí OÉ Gaillimh agus GMIT: BA Matoideachas, Máistir Gairmiúil San Oideachas (PME), Máistir Gairmiúil San Oideachas (MGO), BSc Oideachas (Dearadh, Grafic agus Foirgníocht).

---

**15.00** Cuairt ar lárionad OÉ Gaillimh (taispeántas GMIT) Ionad Drámaíochta O’Donoghue/bualadh le mic léinn/taispeántas GMIT trí “shiúlóid ghailearaí”

I láthair: Foireann acadúil, riaracháin agus theicniúil Scoil an Oideachais, (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh), foireann ó Rannóg Oideachais Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo Leitir Fraic agus ó Choláiste Oideachais San Aingeal. Mic léinn ó chlár oideachais tosaigh múinteoirí OÉ Gaillimh agus GMIT, BA Matoideachas, Máistir Gairmiúil San Oideachas (PME) Máistir Gairmiúil San Oideachas (MGO), BSc Oideachas (Dearadh, Grafic agus Foirgníocht).

---

**15.45** Críoch

---

# Ollscoil Luimnigh, Coláiste Mhuire gan Smál (a chuimsíonn campas Naomh Pádraig MIC), Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh (LIT)

Dé Máirt 1 Bealtaine 2018

## Lucht Freastail

An tOll. Pasi Sahlberg, Léirmheastóir Stiúrtha

An tOll. Áine Hyland, Cathaoirleach Seisiúin

Valerie Harvey, Uasal, Ceann Meastóireachta Feidhmíochta, ÚAO

Sarah Fitzgerald, Uasal, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, ÚAO

## Lucht Freastail – Ollscoil Luimnigh, Coláiste Mhuire gan Smál, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh

An tOll. Eugene Wall, Uachtarán (Gníomhach), Coláiste Mhuire gan Smál (MIC)

An Dr. Eugene O' Brien, Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla (Gníomhach), MIC

An Dr. Angela Canny, Déan Oideachais (Gníomhach), MIC

An Dr. Finn Ó Murchú, Ceann na Scoile, MIC, Durlas

An Dr. Des Fitzgerald, Uachtarán, Ollscoil Luimnigh (UL)

An tOll. Rachel Msetfi, Déan Feidhmiúcháin, Dámh an Oideachais agus na nEolaíochtaí Sláinte, UL

An tOll. Paul Conway, Stiúrthóir NISE

An Dr. Oliver McGarr, Ceann Scoil an Oideachais, UL

An tOll. Kersten Mey, Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla agus Rannpháirtíocht na Mac Léinn, UL

Mike Fitzpatrick, Déan, Scoil na hEalaíne agus Deartha Luimnigh (LSAD), LIT

Maria Finucane, Ceannaire an Chláir PME, LSAD/LIT

## Clár Oibre

<b>08.15</b>	Cruinniú ag Coláiste Mhuire gan Smál i gCampas John Henry Newman, Seomra JHN-026 (Coláiste Mhuire gan Smál/UL/Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh) – Focail Tosaigh
<b>08.20</b>	Dul chun cinn a rinneadh ó Athbhreithniú (Sahlberg I) 2012 agus an freagra ar an tuarascáil cúlra <ul style="list-style-type: none"><li>▶ réimse na n-athruithe struchtúrtha agus chultúrtha a tharla ar fud na nInstitiúidí Ardoideachais mar a aithníodh i dtuarascáil 2012;</li><li>▶ tionchar na leasuithe ar chaighdeán teagaisc ar oideolaíocht agus ar eolas ábhair oideolaíochta agus ar thairbhí oideachais na mac léinn in Oideachas Tosaigh Múinteoirí;</li><li>▶ the impact of the reforms on research capacity in the HEIs and the linkages between research and teaching and learning of ITE students.</li></ul>
<b>09.05</b>	Nótaí deiridh
<b>09.15</b>	Deireadh an Chruinnithe
<b>09.15</b>	Cuairt ar Shuíomh Choláiste Mhuire gan Smál (is i bhfoirm siúlóide a tharlódh an chuairt agus déanfaidh uimhir bheag mac léinn ó na cláir BEd. agus BEd. san Oideachas agus Síceolaíocht taispeántas dá gcuid oibre; Cuirfidh an Dr Aimee Brennan irisleabhar taighde na Máistreacht Gairmiúla san Oideachas, STER, i láthair; Tabharfaidh an Dr Neil O’Conaill, Stiúrthóir na Socruithe Scoile, léargas gearr ar shocruithe scoile ag MIC; Labhróidh an Dr. Geraldine Brosnan faoi Tionscnaimh Deiseanna Oideachais Múinteoirí ag MIC; Tabharfaidh Marie Ryan agus an Dr Marek McGann achoimre den togra taighde NISE ‘REX’; An Dr. Teresa McIlhinney; Déanfaidh Anne-Marie Morrin, Rory McGann, Tanya Power agus a mic léinn taispeántas dá n-obair ar LEGO, STEAM agus tionscnaimh Modheolaíochta Oideachasúla; cuirfear deireadh leis an gcuairt le siúlóid tríd an bhFoirgneamh TARA.)
<b>10.15</b>	Taistil go Campas Shráid an Chláir LIT
<b>10.30</b>	Cuairt Lárionaid LIT (Is i bhfoirm taispeántais ó na múinteoirí faoi oiliúint a bheidh an chuairt, agus déanfar í in éineacht le baill foirne Tracy Fahey, Ceann na Roinne, Mínealaín agus Staidéir larchéime, baill na Foirne Cláir, Maria Finucane, Ceannaire an Chláir, Edel Hogan, Mary O’Dea agus roinnt mac léinn reatha.)
<b>11.00</b>	Taistil chuig Ollscoil Luimnigh
<b>11.15</b>	Cuairt Lárionaid Ollscoil Luimnigh (Beidh an leagan amach seo a leanas ag an gCuairt Lárionaid: UL a bhaint amach agus dul ar aghaidh go seomra CM085 (Ionad Teicneolaíochta Oideachasúla) sa phríomhfhoirgneamh ón ionad páircéala do chuairteoirí; Réamhrá faoin Ollscoil agus achoimre faoi oideachas Múinteoirí in UL – le Déan, EHS (an tOllamh Rachel Msetfi) agus Ceann na Scoile (an Dr Oliver McGarr); Bualadh le baill foirne UL chun labhairt faoi theagasc comhroinnte le mic léinn Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh, LIT (an Dr. Orla McCormack agus an Dr. Jennifer McMahon); Bualadh leis an Ollamh Marie Parker-Jenkins chun labhairt faoi thaighde comhroinnte le páirtí NISE agus comhoibriú ar chlár struchtúrtha PhD; Bualadh leis an bhfoireann Socrúcháin Scoile chun labhairt faoi fhorbairt TUS (córas socrúcháin scoile ar líne) agus comhoibriú le MIC (an Dr. Ann Marie Young agus an Dr. Ciaran O’Gallchoir); Cuairt ar an ionad taighde EPI-STEM (Ionad Náisiúnta don Oideachas STEM) chun bualadh leis an Ollamh Merrilyn Goos, an Dr. Patrick Johnson agus an Dr. Niamh O’Meara.)
<b>12.15</b>	Lón ag Ollscoil Luimnigh (Teach Phleasaí)
<b>13.00</b>	Críoch

# Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Dé Máirt 1 Bealtaine 2018

## Lucht Freastail

An tOll. Pasi Sahlberg, Léirmheastóir Stiúrtha

An tOll. Áine Hyland, Cathaoirleach Seisiúin

Valerie Harvey, Uasal, Ceann Meastóireachta Feidhmíochta, ÚAO

Sarah Fitzgerald, Uasal, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, ÚAO

## Lucht Freastail UCC agus CIT

An tOllamh John O'Halloran, Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir, UCC

An tOllamh Chris Williams, Ceann an Choláiste, Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta, UCC

Susanna Broderick, Léachtóir agus Comhordaitheoir an Chláir PME san Ealaín agus Dearadh, Roinn na nEalaíon sa tSláinte agus Oideachas, Coláiste Ealaíne & Deartha CIT Crawford

An Dr. Fiona Chambers, Ceann na Scoile (Gníomhach), Scoil an Oideachais, UCC

Angela Desmond, Bainisteoir na Scoile, Scoil an Oideachais, UCC

Louise Foott, Ceann na Roinne, Roinn na nEalaíon sa tSláinte agus Oideachas, Coláiste Ealaíne & Deartha CIT Crawford

An tOllamh Kathy Hall, Scoil an Oideachais, UCC

An Dr. Declan Kennedy, Léachtóir Sinsearach agus Comhordaitheoir an Chláir BSc (Oideachas Eolaíochta), Scoil an Oideachais, UCC

An Dr. Brian Murphy, Léachtóir Sinsearach agus Comhordaitheoir an Chláir PME, Scoil an Oideachais, UCC

An Dr. Máire Ní Riordáin, Léachtóir Sinsearach agus Comhordaitheoir (Gníomhach) an Chláir BEd Staidéar Spóirt agus Corpoideachais, Scoil an Oideachais, UCC

## Clár Oibre

<b>14.30</b>	Cruinniú ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (Seomra Comhdhála, An Chéad Urlár, Leeholme, Donovan's Road) – Focail Tosaigh
<b>14.35</b>	Dul chun cinn a rinneadh ó Athbhreithniú (Sahlberg I) 2012 agus an freagra ar an tuarascáil cúlra <ul style="list-style-type: none"><li>▶ réimse na n-athruithe struchtúrtha agus chultúrtha a tharla ar fud na nInstitiúidí Ardoideachais mar a aithníodh i dtuarascáil 2012;</li><li>▶ tionchar na leasuithe ar chaighdeán teagaisc ar oideolaíocht agus ar eolas ábhair oideolaíochta agus ar thaithí oideachais na mac léinn in Oideachas Tosaigh Múinteoirí;</li><li>▶ tionchar na leasuithe ar chumas taighde sna hInstitiúidí Ardoideachais agus na naisc idir taighde agus teagasc agus foghlaim na mac léinn Oideachais Tosaigh Múinteoirí.</li></ul>
<b>15.20</b>	Nótaí deiridh
<b>15.30</b>	Deireadh an Chruinnithe
<b>15.30</b>	Cuairt Lárionaid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh (cur i láthair maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí) (Déanfar cuir i láthair i bhfoirm póstaeir faoi Pháipéir Taighde Ghairmiúla ag roinnt mac léinn ó na cláir PME, ó 16/17 agus 17/18, sa Seomra Comhdhála. Buailfidh ceathrar mac léinn leis an ngrúpa ag 3.30 in, beirt ón PME agus beirt ón PME (Ealaín agus Dearadh). Turas timpeall roinnt áiseanna in UCC a úsáideann na mic léinn ITE, lena n-áirítear léachtlanna, Leabharlann Boole, Crios Cruthaiteach Boole, Saotharlann Eolaíochta Eureka.)
<b>16.30</b>	Críoch



# Ollscoil Mhá Nuad (a chuimsíonn Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas)

Dé Céadaoin 2 Bealtaine 2018

## Lucht Freastail

An tOll. Pasi Sahlberg, Léirmheastóir Stiúrtha

An tOll. Áine Hyland, Cathaoirleach Seisiúin

Valerie Harvey, Uasal, Ceann Meastóireachta Feidhmíochta, ÚAO

Sarah Fitzgerald, Uasal, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, ÚAO

Laura Austin Uasal, Oifigeach Feidhmiúcháin, ÚAO

## Lucht Freastail Ollscoil Mhá Nuad (MU)

An tOllamh Philip Nolan, Uachtarán

An tOllamh Aidan Mulkeen, Leas-Uachtarán Acadúil, Clárathóir agus Leas-Uachtarán

## Roinn an Oideachais Aosaigh agus Pobail

An Dr. Mary Ryan, Ceann na Roinne

An Dr. Camilla Fitzsimons agus Michael Kenny, Stiúrthóirí an Chúrsa ar an HDPE (Ard-Diplóma sa Bhreisoideachas)

## Roinn Oideachais:

An tOllamh Sharon Todd, Ceann na Roinne

Angela Rickard agus An Dr. Joe Oyler, Comhordaitheoirí an PME

An Dr. Tom Walsh, Comhordaitheoir Socrúcháin

An Dr. Majella Dempsey, BScEd

An Dr. Rose Dolan, Ceannaire Snáithe don Oideachas Múinteoirí

## Roinn Froebel

An tOllamh Marie Mc Loughlin, Ceann na Roinne

Séamie O'Neill, Ceann Oideachais & Stiúrthóir Oideachais

An Dr. Triona Stokes, Ceannaire an Chláir BEd

Fiona Nic Fhionnlaioich, Ceannaire an Chláir PMEd

Patsy Stafford agus Phil Lynch, Ceannairí an Chláir BA

Mic léinn ó réimse cúrsaí ó Ranna éagsúla, de réir mar atá siad ar fáil

## Clár Oibre

<b>09.00</b>	Cruinniú – Focail Tosaigh i Seomra SE010 i Scoil an Oideachais
<b>09.05</b>	Dul chun cinn a rinneadh ó Athbhreithniú (Sahlberg I) 2012 agus an freagra ar an tuarascáil cúlra <ul style="list-style-type: none"><li>▶ réimse na n-athruithe struchtúrtha agus chultúrtha a tharla ar fud na nInstitiúidí Ardoideachais mar a aithníodh i dtuarascáil 2012;</li><li>▶ tionchar na leasuithe ar chaighdeán teagaisc ar oideolaíocht agus ar eolas ábhair oideolaíochta agus ar thaithí oideachais na mac léinn in Oideachas Tosaigh Múinteoirí;</li><li>▶ tionchar na leasuithe ar chumas taighde sna hInstitiúidí Ardoideachais agus na naisc idir taighde agus teagasc agus foghlaim na mac léinn Oideachais Tosaigh Múinteoirí.</li></ul>
<b>09.50</b>	Nótaí deiridh
<b>10.00</b>	Deireadh an Chruinnithe
<b>10.00</b>	Cuairt Láronaid Ollscoil Mhá Nuad (turas na n-áiseanna)
<b>11.00</b>	Críoch

# Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), (a chuimsíonn iar-choláiste Phádraig, Droim Conrach; Institiúid Oideachais Mater Dei agus Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann)

Dé Céadaoin 2 Bealtaine 2018

## Lucht Freastail

An tOll. Pasi Sahlberg, Léirmheastóir Stiúrtha

An tOll. Áine Hyland, Cathaoirleach Seisiúin

Valerie Harvey, Uasal, Ceann Meastóireachta Feidhmíochta, ÚAO

Sarah Fitzgerald, Uasal, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, ÚAO

Laura Austin Uasal, Oifigeach Feidhmiúcháin, ÚAO

## Lucht Freastail Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU)

An tOllamh Brian MacCraith, Uachtarán

An tOllamh Daire Keogh, Leas-Uachtarán DCU

An tOllamh Eithne Guilfoyle, Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla DCU

An Dr. Anne Looney, Déan Feidhmiúcháin

An tOllamh Pádraig O Duibhir, Déan Feidhmiúcháin Tánaisteach

An Dr. Elaine McDonald, Ceann Scoil an Bheartais agus an Chleachtais

An Dr. Maeve O'Brien, Ceann Scoil na Forbartha Daonna

An Dr. Eithne Kennedy, Ceann Scoil na Teanga, na Litearthachta agus an Oideachas Luath-Óige

An Dr. Joe Travers, Ceann Scoil an Oideachais Ionchuimsithigh agus Speisialta

An Dr. Regina Murphy, Ceann Scoil an Oideachais Ealaíon agus Luaile

An Dr. Charlotte Holland, Déan Comhlach, Taighde

An Dr. Bernadette Ní Áingléis, Déan Comhlach, Socrúchán agus Comhpháirtíochtaí Gaolmhara

## Clár Oibre

<b>12.00</b>	Lón ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
<b>12.45</b>	Cruinniú (Seomra Bia i dTeach Belvedere) – Focail Tosaigh
<b>12.50</b>	Dul chun cinn a rinneadh ó Athbhreithniú (Sahlberg I) 2012 agus an freagra ar an tuarascáil cúlra <ul style="list-style-type: none"><li>▶ réimse na n-athruithe struchtúrtha agus chultúrtha a tharla ar fud na nInstitiúidí Ardoideachais mar a aithníodh i dtuarascáil 2012;</li><li>▶ tionchar na leasuithe ar chaighdeán teagaisc ar oideolaíocht agus ar eolas ábhair oideolaíochta agus ar thaithí oideachais na mac léinn in Oideachas Tosaigh Múinteoirí;</li><li>▶ tionchar na leasuithe ar chumas taighde sna nInstitiúidí Ardoideachais agus na naisc idir taighde agus teagasc agus foghlaim na mac léinn Oideachais Tosaigh Múinteoirí.</li></ul>
<b>13.35</b>	Nótaí deiridh
<b>13.45</b>	Deireadh an Chruinnithe
<b>13.45</b>	Cuairt Lárionaid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Siúlóid foirne go dtí an Stiúideo Nuálaíochta Lego Bogadh ar aghaidh chuig na ceardlanna micreamhúinteoireachta. Bualadh leis an Ollamh Joe O Hara, a bhíonn ag teagasc ar na cláir ITE, a bheidh i gceannas ar ár gclár nua EdD, agus atá ina cheann ar ionad taighde rathúil. Cuirfidh Justin Rami, Déan Comhlach an Teagaisc agus na Foghlama, roinnt ainmnithe do Dhuais an Uachtaráin um Theagasc agus Foghlaim i láthair. Bualadh le Charlotte Holland, Déan Comhlach an Taighde a thaispeánfaidh an 'léarscáil taighde' – Tá an áit curtha ullmhaithe mar a bhí sé dár dtaispeántas taighde agus don oíche eolais don staidéar iarchéime. Beidh 'seastán' agus ionadaí ag gach ionad taighde. Beidh foilsíúcháin a tháinig amach le déanaí ar taispeáint chomh maith. Bualadh le triúr mac léinn sa dara bliain den BEd a rinne cur i láthair ag comhdháil taighde sa Ríocht Aontaithe le déanaí. Cuirfidh Joe Usher agus Susan Pike mic léinn in iúl agus déanfaidh siad cur síos ar an tionscnamh. Bualadh le Vasiliki Pitsia atá Laureate leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn ag an IoE Bualadh le Eithne Kennedy, a mhíneoidh an togra Right to Read agus a chuirfidh i láthair roinnt mac léinn ITE atá páirteach sa togra. Beidh Cathaoirligh Cláir ar fáil má tá aon cheist ar leith. Buaadh leis an Ollamh Anne Lodge, Stiúrthóir Ionad Eaglais na hÉireann chun siúl ar aghaidh go bealach amach Leabharlann Cregan.
<b>14.45</b>	Críoch

# Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Institiúid Oideachais Marino, Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Dé Céadaoin 2 agus Déardaoin 3 Bealtaine 2018

## Lucht Freastail

An tOll. Pasi Sahlberg, Léirmheastóir Stiúrtha

An tOll. Áine Hyland, Cathaoirleach Seisiúin

Valerie Harvey, Uasal, Ceann Meastóireachta Feidhmíochta, ÚAO

Sarah Fitzgerald, Uasal, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, ÚAO

Laura Austin Uasal, Oifigeach Feidhmiúcháin, ÚAO

## Lucht Freastail an Chruinnithe

An tOllamh Anne O’Gara, Uachtarán, Institiúid Oideachais Marino

An tOllamh Chris Morash, Leas-Phropast/CAO

An tOllamh Mark Rogers, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán UCD

An tOllamh Sarah Glennie, Stiúrthóir Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (NCAD)

## Lucht Freastail Choláiste na Tríonóide

An tOllamh Chris Morash, VP/CAO

An tOllamh Damian Murchan, Ceann na Scoile

An Dr. John Walsh, Stiúrthóir Iarchéime

An Dr. Stephen Minton, Stiúrthóir Bunchéime

An Dr. Ann Devitt, Stiúrthóir Taighde

An Dr. Melanie Ní Dhuinn, Comhordaitheoir PME

An tOllamh Carmel O’Sullivan

An tOllamh Andrew Loxley

An tOllamh Michael Shevlin, Stiúrthóir TCPID

An Dr. Victoria Bruce, Bainisteoir Scoile

2 Ionadaí na Mac Léinn

## **Lucht Freastail ó Institiúid Oideachais Marino**

An tOllamh Anne O’Gara, Uachtarán MIE

An tOllamh Teresa O’ Doherty (mar bhreathnóir, Uachtarán nuacheaptha MIE)

An Dr. Seán Delaney Cláraitheoir (MIE)

An Dr. Gene Mehigan Stiúrthóir na Staidéar Iarchéime (MIE)

An Dr. Leah O’ Toole Léachtóir le Siceolaíocht/Oideachas Luath-Óige

An Dr. Damian Murchan Ceann Scoil an Oideachais, Coláiste na Tríonóide

An Dr. John Walsh, Stair an Oideachais, Coláiste na Tríonóide

An Dr. Andrew Loxley, Socheolaíocht, Coláiste na Tríonóide

An Dr. Mark Prendergast, Matoideachas, Coláiste na Tríonóide

An tOllamh Noirín Hayes, Oideachas Luath-Óige, Coláiste na Tríonóide

## **Lucht Freastail NCAD**

An tOllamh Sarah Glennie, Stiúrthóir NCAD

An tOllamh Dervil Jordan, Ceann Scoil an Oideachais le baill foirne Scoil an Oideachais

An Dr. Patsey Bodkin, Comhordaitheoir an BA (Comhchéim Onóracha) sa Dearadh Mínealaíne agus Oideachas

Fiona King, Comhordaitheoir an PME (Ealaín agus Dearadh)

An Dr. Isobelle Mullaney, Stiúrthóir Socrúchán Scoile, Tony Murphy, Léachtóir san Oideachas Ealaíne agus Deartha

Aoife Keogh, Léachtóir san Oideachas Ealaíne agus Deartha

Nuala Hunt, Ceannaire Oideachais Leanúnaigh san Ealaíon agus Dearadh (CEAD) & comh-chomhordaitheoir an MA san Ealaín Phobalghníomhach agus Breisoideachas

Fiona Whelan, comh-chomhordaitheoir an MA san Ealaín Phobalghníomhach agus Breisoideachas grúpa mac léinn BA agus PME

## **Lucht Freastail Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath**

An tOllamh Mark Rogers, Cláraitheoir/Uachtarán Ionaid/Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla

An tOllamh Colin Scott, Príomhoide an Choláiste, Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD

An tOllamh Dympna Devine, Ceann na Scoile, Scoil an Oideachais UCD

An tOllamh Ciaran Sugrue, Scoil an Oideachais UCD (Feidhmeannach Scoile)

An tOllamh Deirdre Raftery, Scoil an Oideachais UCD (Feidhmeannach Scoile)

## Clár Oibre

### Dé Céadaoin 2 Bealtaine 2018

---

**15.00** Cuairt Lárionaid Institiúid Oideachais Marino (Fáilte ag Fáiltiú, Treoshuíomh an champais, Seisiún eolais le hUachtarán MIE agus taispeántas dhá thogra taighde ERASMUS le comhghleacaithe MIE agus TCD, Comhrá agus plé)

---

**16.00** Críoch

---

### Déardaoin 3 Bealtaine 2018

---

**09.00** Cruinniú ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (Oifig an Leas-Phroipaist, ar an gcéad urlár den West Theatre) – Focail Tosaigh

---

**09.05** Dul chun cinn a rinneadh ó Athbhreithniú (Sahlberg I) 2012 agus an freagra ar an tuarascáil cúlra

- ▶ réimse na n-athruithe struchtúrtha agus chultúrtha a tharla ar fud na nInstitiúidí Ardoideachais mar a aithníodh i dtuarascáil 2012;
- ▶ tionchar na leasuithe ar chaighdeán teagasc ar oideolaíocht agus ar eolas ábhair oideolaíochta agus ar thaithí oideachais na mac léinn in Oideachas Tosaigh Múinteoirí;
- ▶ tionchar na leasuithe ar chumas taighde sna nInstitiúidí Ardoideachais agus na naisc idir taighde agus teagasc agus foghlaim na mac léinn Oideachais Tosaigh Múinteoirí.

---

**09.50** Nótaí deiridh

---

**10.00** Deireadh an Chruinnithe

---

**10.00** Cuairt Ionaid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha (turas de Mhol an tSeomra Fada, Seisiún Eolas le Ceannaire na Scoile agus baill eile Scoil an Oideachais maidir le hobair na Scoile, Cur i láthair 2 thionscnamh chomhoibríochta le comhfhoirne ó TCD & MIE:

Clár creidiúnaithe múinteoirí ar líne (an Dr Melanie Ní Dhuinn [TCD] & an Dr. Julie Uí Choistealbha [MIE])

Heads-Up, ina n-oibríonn ealaíontóirí i suíomhanna oideachasúla cuimsitheacha (an tOllamh Carmel O'Sullivan [TCD] & an Dr. Michael Flannery [MIE])

---

**11.00** Taistil go dtí an Coláiste Náisiúnta Ealaíne & Deartha

---

**11.30** Cuairt Lárionaid ar Choláiste Náisiúnta Ealaíne & Deartha (Páircéail sa Chearnóg tosaigh faoin áirse) Tae/Caife i bhforhalla Ghailearaí NCAD, Teach Harry Clarke

Buntreoir d'obair Scoil an Oideachais NCAD - an tOllamh Dervil Jordan.

Cur i láthair obair na mac léinn ón BA sa Dearadh agus Oideachas Mínealaíne, agus an PME (Ealaíon & Dearadh) ag léachtlan Teach Harry Clarke.

Múinteoirí faoi oiliúint i PME 1 a chur in aithne, chomh maith lena gcuid oibre a chur i láthair sa 'Change Lab', sa Ghailearaí NCAD. Déanfar plé ar an gceist 'Conas a dhéanaimid scrúdú ar an am atá caite chun ciall a bhaint as an lá atá inniú ann' Scoil an Oideachais, NCAD, i gcomhpháirt leis an Líonra Ubuntu.

Turas na stiúideonna agus bualadh leis na múinteoirí faoi oiliúint sa cheathrú bliain (an bhliain dheireanach) den BA (Comhónóracha) Mínealaíne, Dearadh agus Oideachas ina spásanna stiúideo.

---

---

<b>12.30</b>	Taistil go dtí an Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath
<b>13.00</b>	Lón ag an gColáiste Ollscoile Baile Átha Cliath
<b>14.00</b>	Cuairt Lárionaid Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath (Seomra Boird Teach Ardmore) Cruinniú le Pobal na Scoile (Dámh agus Mic Léinn) Turas Champas Belfield UCD
<b>15.00</b>	Críoch

---





# Aguisín 3 - Tuairimí ón Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath/ Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath/Institiúid Oideachais Marino

2-3 Bealtaine, 2018

## Sé Chnuasach nó Seacht gCnuasach?

Moladh i dTuarascáil an Phainéil Idirnáisiúnta Athbhreithnithe faoi Struchtúr Soláthair Oideachais Tosaigh Múinteoirí in Éirinn (2012) an méid seo a leanas: “ba cheart go n-éascófaí oideachas múinteoirí i suíomh ollscoile a bhfuil naisc shistéamacha acu le cleachtadh cliniciúil i scoileanna a chuireann, más féidir, an réimse iomlán oideachais múinteoirí ar fáil, ó luath-óige go hoideachas aosach” (25). Moltar sa Tuarascáil, ina theannta sin, “gur cheart oideachas múinteoirí in Éirinn a athstruchtúru” ina sé “chumraíocht”, agus chuirfeadh gach ceann acu ollscoil le chéile le hinstitiúid amháin oideachais múinteoirí sonraithe nó níos mó. Mar eisceacht don phátrúin loighiciúil sin, áfach, bhí an nasc beartaithe idir dhá phríomhollscoil thaighde an stáit (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath [TCD] agus an Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath [UCD]), mar aon le dhá institiúid eile (Institiúid Oideachais Marino [MIE] agus Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha [NCAD]) in aon ghrúpa amháin. Ní raibh athstruchtúru agus ailíniú dhá phríomhollscoil taighde i gceist le haon cheann eile de na hathruithe straitéiseacha a bhí beartaithe sa Tuarascáil. Ní chuirtear aon réasúntacht bhunúsach ar fáil sa Tuarascáil don eisceacht sin.

Mar sin féin, sa thréimhse ó 2012, tá obair déanta ag UCD, TCD, MIE agus NCAD chun an aidhm maidir le héascú na sprice go mbeadh oideachais múinteoirí ar siúl “i suíomh ollscoile” a chur ar aghaidh. Cé nach bhfuil na spriocanna sin curtha i gcrích de réir mar a bhí samhlaite ar dtús in 2012 (mar chnuasach le ceithre institiúid, lena n-áirítear dhá ollscoil), tá na forbairtí a tharla ó 2012 ag teacht le haidhmeanna agus spiorad na Tuarascála maidir lena chinntiú go bhfuil oideachas múinteoirí neadaithe i gcomhthéacs taighde agus teoirice ceannródaíche. Ina ionad sin, d’fhorbair aidhmeanna na Tuarascála ar shraith conairí comhthreomhara. Tá roinnt tionscnamh a bhfuil páirt ag an gceithre institiúid ann, ach tá an chuid is mó den ghníomhaíocht leanúnach á ndéanamh ar dhá chonair chomhthreomhara: ceann amháin atá déanta suas de UCD agus NCAD, agus an ceann eile de TCD agus MIE. Tá gach ceann de na conairí comhthreomhara sin cosúil leis an gcúig ghrúpa eile atá molta. B’fhiú a lua sa chomhthéacs seo go bhfuil naisc fhairsinge idir an dá ollscoil is airde a rangáitear sa stát i réimsí eile; mar shampla, foilsíonn scoláirí UCD agus TCD le chéile níos mó ná aon institiúid eile ar domhan, agus roinneann an dá ollscoil ciste caipitil fiontair de €60m. Mar sin, cé go mbeidh deis ann, gan amhras, tograí taighde comhoibríocha i réimse an oideachais a dhéanamh a bhfuil páirt ag an gceithre institiúid go léir iontu, léirigh ár dtaithe, d’ainneoin dea-iarrachtaí na gceithre chomhpháirtí, gurbh fhearr breathnú ar an gcnuasach seo mar dhá chnuasach ar leith. Ar an mbealach sin, bheadh an dá cheann cosúil leis an gcúig cinn eile ó thaobh struchtúir agus scála de.

Go bunúsach, is fiú an cnuasach ceithre institiúid a shamhlú arís mar dhá chnuasach ar leith i réimse soláthair oideachasúil, agus bheadh naisc straitéiseacha taighde idir na grúpaí UCD/NCAD agus TCD/MIE.

## TCD/MIE

Maidir leis seo, is féidir linn na ceangail idir MIE agus TCD a aimsiú chomh fada siar le 1976, nuair a cuireadh ar bun na teagmhálacha maidir le rialachas agus creidiúnú. Neartaíodh an caidreamh sin in 2006 nuair a tugadh cuireadh do Choláiste na Tríonóide teacht isteach in iontaobhas comhoibríoch MIE le Proibhinse Eorpach na mBráithre Críostaí. Cuireadh an chomhpháirtíocht ar bhonn foirmiúil in 2011 agus, tar éis spreagadh a fháil ón Tuarascáil 2012, tá borradh faoi léibhéal an chomhoibríthe agus rannpháirtíochta idir an dá institiúid sa tréimhse idir an dá linn agus tá réimse na hoibre sin ag leathnú. Chun na caidrimh neartaithe idir na hinstitiúidí a aithint, agus mar léiriú ar an aidhm go bhforbróidh TCD/MIE mar lárionad domhanda ó thaobh teagaisc agus taighde de i réimse an oideachais, forbraíodh comhstraitéis acadúil in 2014. Mar thoradh air sin eisíodh Gléas Rialachais nuashonraithe le haghaidh MIE in 2016.

Mar thoradh air sin, cuireadh beocht arís i gcomhoibriú MIE agus Coláiste na Tríonóide. Tá nádúr an chaidrimh athraithe ó bhonn comhlántach go bonn coinbhéirseach agus, ar deireadh, comhpháirtíocht. Sa tréimhse idir 2012 agus inniu, tá forbairt déanta ar chomhoibriú MIE agus Coláiste na Tríonóide chun leanúntas iomlán oideachais múinteoirí a léiriú: luath-óige, bunscoil, méanscoil, breisoideachas, ardoideachas, agus foghlaim ar feadh an tsaol. De thoradh na comhpháirtíochta seo d'éirigh le hiarratais chomh-mhaoinithe; tháinig méadú ar uimhir na gcomhshaothar taighde; rinneadh comh-mhaoirseacht ar iarrthóirí PhD; agus ceapadh deichniúr ball foirne MIE mar Chomhlaigh Thaighde Choláiste na Tríonóide. Ní bhaineann nádúr comhoibríthe na comhpháirtíochta seo le Scoil an Oideachais i gColáiste na Tríonóide amháin. Baineann sé le ranna agus tionscnaimh eile san Ollscoil, lena n-áirítear Oifig Caidreamh Domhanda, Roinn na Luibheolaíochta, Roinn na Staire agus Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus na Staitisticí (tá an dá cheann deireanacha rangaithe sa chéad 100 go hidirnáisiúnta sa rangú QS is déanaí).

Chomh maith le héascú na sprice chun a chinntiú go dtarlaíonn oideachas múinteoirí i gcomhthéacs taighde den chéad scoth, tharla an caidreamh feabhsaithe idir MIE agus Coláiste na Tríonóide ag an am céanna le tréimhse shuntasach fáis do MIE, agus dá réir sin tháinig méadú suntasach ar sholáthar múinteoirí. Chuir an Institiúid le méid na gcúrsaí bunchéime agus iarchéime atá ar fáil inti; méadaíodh líon na mac léinn (tá níos mó ná 1,000 cláraithe); chomhordaigh sí dhá thogra Erasmus+ agus tá sí mar pháirtí i roinnt tograí eile; tugadh isteach deiseanna idirnáisiúnta soghluaisteachta do mhic léinn agus do bhaill foirne; rinneadh fáiltais chaipitiúla chun tacú le forbairt a campais; agus bronnadh clár €5m uirthi mar an t-aon sholáthraí den chlár B.Ed. trí mhéan na Gaeilge.

## UCD/NCAD

Cuireadh ar bun an chomhpháirtíocht acadúil idir UCD agus NCAD in 2010 ar bhonn comhshocair don dá institiúid. Anois is coláiste aitheanta de chuid UCD é NCAD agus deimhníonn UCD céimeanna NCAD, atá go hiomlán corpraithe i rialacháin rialaithe UCD. Chuir creat le haghaidh comhoibriú feabhsaithe agus gníomhaíocht chomhroinnte in 2016 comhthéacs tábhachtach ar fáil chun an caidreamh a leathnú. Tá saibhreas an chomhoibríthe go mór le feiceáil i níos mó ná 60 togra a tharla faoi scáth an Chomhaontais, idir thograí acadúla, chomhchláir, chomh-mhaoirseacht PhD, aoiléachtaí, thaispeántais, shiompóisiamaí, cheardlanna agus fhoilsiúcháin. Tharla comhoibriú san Oideachas Tosaigh Múinteoirí, Oideachas Iarchéime agus Leanúnach, lena n-áirítear tionscnaimh rochtana ar Oideachas Tosaigh Múinteoirí agus Oideachas d'Aosach araon. Bhain an comhoibriú sin, den chuid is mó, le téamaí oibre maidir le Cruthaitheacht, Foghlaim Dhigiteach agus spásanna foghlamtha, Dearadh foghlama ionchuimsithe agus straitéisí chun tacú le litearthacht agus oideachas ionchuimsithe trí mhéan na ndána (féach an ceangaltán). Mar Ionad Barr Feabhais san Oideachas Ealaíne agus Deartha, téann bua an NCAD ó thaobh na hAmharc-Ealaíona/Smaointeoireacht Deartha/Amharclitearthacht, mar aon lena fhorbairt cláir le haghaidh Máistreacht cúig bliana don BA (Comhonoracha) san Oideachas, Mínealaín agus Dearadh, go han-mhaith le plean straitéiseach UCD maidir le hOideachas Múinteoirí. Áirítear leis seo Oideachas Tosaigh Múinteoirí a chur ar fáil thar chontanam an oideachais (bunscoil/iar-bhunscoil) mar bhunchéim agus iarchéim araon trí mhéan bhealach céime Oideachais sonraithe. Baintear leas as buanna idirdhisciplíneacha agus taighde UCD. Mar gheall ar na forbairtí sin, bhí an deis ann cur leis an gcomhoibriú a bhí ar siúl cheana idir Scoileanna an Oideachais in UCD agus NCAD, agus deiseanna saibhre a chur ar fáil chun taighde agus cruthú múinteoirí gairmiúla a chur chun cinn, bunaithe ar na hamharcealaíona agus dearadh. Oibríodh i gcomhar ar fhoilsiúcháin agus tairiscintí taighde idir comhghleacaithe den dá Scoil Oideachais. Baineadh úsáid as suimeanna comhroinnte i dtionscnaimh rochtana ar oideachas, oideolaíochtaí ionchuimsitheacha, dearadh na n-ealaíon agus ábharacht amhairc.

Is féidir leis an dá institiúid bheith faoi rath mar gheall ar an gcomhoibriú. Cruthaíonn sé sineirgí tábhachtacha ina mbuanna faoi seach, agus cuirtear le spriocanna náisiúnta maidir le feabhsúcháin Soláthair Múinteoirí, laistigh de chreat taighde neadaithe. Cuireann comhroinnt acmhainní (leabharlann UCD agus áiseanna taighde agus Leabharlann Ealaíne NCAD agus Leabharlann Náisiúnta na nAmharcealaíon) le cumas an dá institiúid ó thaobh thaighde na ndámh agus tá taithe níos fearr ag na mic léinn.

# Aguisín 4 – Céimithe na gClár Oideachais Múinteoirí

Sa tábla seo a leanas tá céimithe na gclár oideachais múinteoirí idir 2012/13 agus 2016/17, idir oideachas bunscoile agus iarbhunscoile.

<b>Bunchéim Bunscoile</b>	<b>2012/13</b>	<b>2013/14</b>	<b>2014/15</b>	<b>2015/16</b>	<b>2016/17</b>
Lárionad 1 Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	377	390	7	373	404
Lárionad 2 TCD-MIE-UCD-NCAD (Nóta 1)					
Lárionad 3 Maigh Nuad	0	59	60	48	60
Lárionad 4 Luimneach	423	443	39	422	429
Lárionad 5 Corcaigh					
Lárionad 6 Gaillimh					
<b>Iomlán</b>	<b>800</b>	<b>892</b>	<b>106</b>	<b>843</b>	<b>893</b>
<b>Iarchéim Bunscoile</b>	<b>2012/13</b>	<b>2013/14</b>	<b>2014/15</b>	<b>2015/16</b>	<b>2016/17</b>
Lárionad 1 Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	70	96	91	105	63
Lárionad 2 TCD-MIE-UCD-NCAD (Nóta 1)					
Lárionad 3 Maigh Nuad	31	29	29	43	27
Lárionad 4 Luimneach	73	63	76	90	66
Lárionad 5 Corcaigh					
Lárionad 6 Gaillimh					
<b>Iomlán</b>	<b>174</b>	<b>188</b>	<b>196</b>	<b>238</b>	<b>156</b>

<b>Bunchéim Iarbhunscoile</b>	<b>2012/13</b>	<b>2013/14</b>	<b>2014/15</b>	<b>2015/16</b>	<b>2016/17</b>
Lárionad 1 Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	132	138	163	127	126
Lárionad 2 TCD-MIE-UCD-NCAD	21	21	27	17	28
Lárionad 3 Maigh Nuad	20	21	21	24	20
Lárionad 4 Luimneach (Nóta 3)	251	237	216	237	310
Lárionad 5 Corcaigh	46	62	55	58	57
Lárionad 6 Gaillimh (Nóta 2)	84	88	93	109	87
<b>Iomlán</b>	<b>554</b>	<b>567</b>	<b>575</b>	<b>572</b>	<b>628</b>

<b>Iarchéim Iarbhunscoile</b>	<b>2012/13</b>	<b>2013/14</b>	<b>2014/15</b>	<b>2015/16</b>	<b>2016/17</b>
Lárionad 1 Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	69	83	84	99	118
Lárionad 2 TCD-MIE-UCD-NCAD	340	365	5	247	225
Lárionad 3 Maigh Nuad	129	158	0	103	103
Lárionad 4 Luimneach	143	162	0	80	79
Lárionad 5 Corcaigh	208	210	3	122	129
Lárionad 6 Gaillimh	266	291	0	155	158
<b>Iomlán</b>	<b>1,155</b>	<b>1,269</b>	<b>92</b>	<b>806</b>	<b>812</b>

Nóta 1: Níl aon shonraí ag an Údarás um Ard-Oideachas maidir leis an Institiúid Oideachais Marino a chuireann cláir ag léibhéal bunscoile ar fáil

Nóta 2: Tá na sonraí ó Choláiste san Aingeal, Sligeach san áireamh i sonraí OÉ Gaillimh

Nóta 3: Tá na céimithe ó Choláiste Mhuire gan Smál (Durlas) san áireamh i sonraí Choláiste Mhuire gan Smál ó 2016/17 ar aghaidh





# Aguisín 5 – Suirbhé ar Rannpháirtíocht na Mac Léinn in Éirinn

Tá an Suirbhé ar Rannpháirtíocht na Mac Léinn in Éirinn ar bun ó 2013. Déantar bainistíocht air mar chomhpháirtíocht chomhoibríoch. Faigheann sé comh-mhaoiniú ón ÚAO, comhlachtaí ionadaíocha na n-institiúidí (Cumann Ollscoileanna Éireann, agus An Cumann um Ardoideachas Teicneolaíochta) agus Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI). Sa suirbhé cuirtear ceisteanna ar mhic léinn maidir lena dtaithí san ardoideachas. Tá sé deartha chun cur le forbairtí sna hinstiúidí agus ag an am céanna chun bearta eolais náisiúnta a chur ar fáil. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ag [www.studentsurvey.ie](http://www.studentsurvey.ie).

Leis seo a lenas tá na rátaí freagartha iomlána ar an suirbhé in 2017. Tugtar faoi deara gurbh iad seo a lenas na rátaí freagartha iomlán institiúideacha le haghaidh na gclár go léir.

<b>Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath</b>	26.3%
<b>Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath</b>	24.6%
<b>Institiúid Oideachais Marino</b>	30.8%
<b>An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath</b>	23.8%
<b>An Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha</b>	31.5%
<b>Ollscoil Mhá Nuad</b>	27.8%
<b>Ollscoil Luimnigh</b>	14.3%
<b>Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach</b>	53.7%
<b>Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh</b>	34.4%
<b>Coláiste na hOllscoile, Corcaigh</b>	19.5%
<b>Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí</b>	32.7%
<b>Ollscoil na hÉireann, Gaillimh</b>	30.9%
<b>Coláiste Oideachais Naomh Angela, Sligeach</b>	14.0%
<b>Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe – Maigh Eo</b>	30.4%

